I mí an Mheithimh 2015, chuir an Mheitheal um Próisis Chosanta lena n-áirítear Soláthar Díreach agus tacaí d'iarrthóirí tearmainn, faoi chathaoirleacht an Dr. Bryan McMahon, a tuarascáil deiridh ar fáil. Áirítear sa Tuarascáil sin isteach is amach le 40 togra, agus 173 mholadh san iomlán, faoi conas feabhsúcháin a chur i bhfeidhm sna trí réimse seo – a) an próiseas chun cinntí a dhéanamh, b) coinníollacha maireachtála sa chóiríocht don Soláthar Díreach agus c) raon na dtacaí atá ar fáil dóibhsean sa chóras – tacaí airgeadais, oideachais agus leighis etc. Ina óráid chun forléargas a thabhairt ar thuarascáil don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Francis Fitzgerald TD, labhair an Dr McMahon ar a thábhachtaí is atá sé don ghrúpa teacht le chéile agus labhairt leosan atá ag cónaí sa Soláthar Díreach. Seo a bhí le rá aige faoin méid a chuala an grúpa *"vividly the pain of dislocation and dispossession, in words and language which resonate deeply with Irish people everywhere"*. Is ar bhonn a raibh cloiste ag an ngrúpa go ndearna siad na 173 mholadh chun freastal níos fearr orthusan a bhí a lorg tearmainn in Éirinn agus atá i gcóiríocht nach bhfuil oiriúnach ar chor ar bith agus a chothaíonn ísliú meanma. Bhí sé i gcónaí ina sheasamh ag an Oifig seo gur chóir go mbeadh rochtain ag gach leanbh, lena n-áirítear iadsan a lorgaíonn cosaint idirnáisiúnta sa Soláthar Díreach, ar Oifig an Ombudsman do Leanaí. Ba chúis mhór áthais dom é gur aontaigh an Mheitheal leis an seasamh sin agus go ndearna sí na moltaí seo a leanas:

Áiríonn sainchúram Oifig an Ombudsman do Leanaí gearáin a bhaineann leo seo a leanas:

- *Seirbhísí arna soláthar d'áitritheoirí in ionaid a chuireann Soláthar Díreach ar fáil, agus cinntí a aistriú tar éis Rialacha Tí a shárú*

- *Ba chóir go mbeadh gearánach in ann dul ar iontaoibh na hOifige i gcás nach bhfuil siad sásta le toradh deiridh ghnás gearán GFI (Gníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha). (Moladh 4.135)*

Tá an Oifig seo ag súil go nglacfar leis an moladh seo agus go n-aontóidh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais leis ionas nach mbeidh an t-idirdhealú éagórach mór millteach seo ann idir leanaí atá ina gcónaí in Éirinn a bhfuil stádas sainithe acu agus leanaí atá ag fanacht ar stádas sainithe. Tá súil agam, faoi dheireadh 2016, go mbeidh rochtain ag GACH leanbh ar an Oifig seo, i gcás go bhfuil siad den tuairim go bhfuil siad thíos go neamhfhabhrach le gníomh de chuid an Stáit.

I mbliana leanadh le hatógáil Champas Bhaile an Oibricigh. Is cosúil go bhfuil dul chun cinn maith déanta maidir le bunú an Rialachais chuí a mbeidh gá leis chun an Campas a réachtáil mar aonán amháin nó mar thrí cinn de shuíomhanna scoile ar leithligh. Cuideoidh sé seo go mór le comhréireacht an chúraim agus na maoirseachta is gá a sholáthar do na daoine óga seo, idir fhireann is bhaineann, le tacaíocht imleor chun tús a chur le breathnú ar a gcás féin agus conas mar a d'fhéadfaidís a n-iompar a athrú sa todhchaí. Tar éis an tsaoil, is é seo is cuspóir don infheistíocht mhór de bhreis is €55 milliún. Ní chun aonaid úrscothacha a thógáil é seo, ná saoráidí fóillíochta níos fearr a sholáthar – ach chun timpeallacht a chruthú atá tacúil ina ndéantar cúram de na déagóirí sin ar mhaith leo an deis a fháil athruithe a dhéanamh ina saol. Ní féidir é sin a bhaint amach i bhfolús. Beidh gá idirchaidreamh níos fearr a bheith ann leis na daoine agus na seirbhísí lasmuigh den champas a bhíonn i dteagmháil le daoine óga roimh a dtréimhse i mBaile an Oibricigh agus ina dhiaidh e.g An Garda Síochána, Údarás Tithíochta, Seirbhísí Fostaíochta, Tusla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus seirbhísí Andúile chomh maith le teaghlach agus cairde.

Cé go bhfuil sé ag tógáil níos mó ama an obair thógála a chur i gcrích, táim ag tnúth go mbeidh 2016 ina bliain ar leith mar a mbeidh Baile an Oibricigh forbartha a dhóthain le foireann imleor ionas go mbeifear in ann gach ógánach 17 mbliana d'aois a bhogadh chuig an gcampas. Beidh an tír in ann cúl a thabhairt, dá réir sin, leis an Ré Dhorcha mar ar thugamar cead, mar shochoaí, do leanaí a bheith coinnithe i bPríosúin do dhaoine fásta. Ní raibh sé i gceist go mbainfí úsáid as Príosún Pháirc na Cruithneachta ach ar feadh tréimhse shealadach d'ógánaigh 17 mbliana d'aois (tréimhse 12 mhí), go dtí gur measadh, i mí Iúil 2012, nach raibh Foras Naomh Pádraig oiriúnach a thuilleadh. Cibé scéal é, tá 4 bliana sroichte againn anois d'ógánaigh a bheith i bPríosún Pháirc na Cruithneachta gach lá (idir deichniúr agus ceathrar déag gach lá). Ciallaíonn sé sin, mar bheart sealadach, gur coinníodh suas le 200 ógánach i bPríosún Pháirc na Cruithneachta, daoine a mbeadh sé i bhfad níos oiriúnaí iad a bheith ar Champas Bhaile an Oibricigh. Sa mhéid go gciontaítear na daoine óga seo ag aois 17 seachas 16 bíonn orthu aghaidh a thabhairt ar réim éagsúil, atá bunaithe ar ghaibhniú aonair agus piónós seachas ar fhás, tacaíocht agus athrú dearfach. Tá sé seo ina idirdhealú éagórach de chineál nach féidir seasamh leis ar chor ar bith agus táimse ag impí ar an rialtas fuadar a chur faoin iarrachtaí chun a chinntiú go mbeidh campas Bhaile an Oibricigh ullamh chun glacadh le hógánaigh 17 mbliana d'aois, chomh luath agus is féidir, bídís ar athchur nó ciontaithe.

In 2015 ba mhór an onóir dom é labhairt os comhair trí cinn de Choistí Oireachtais agus ar an gcaoi sin leibhéal na trédhearcachta agus na freagrachta a léiriú a bheadh cuí don Oifig seo, nach bhfuil cuntasach ach don Oireachtas. Tá líon agus éagsúlacht na gcoistí ina léiriú ar fhairsinge an tsainchúraim faoina n-oibríonn an Oifig seo agus tá sé ina léiriú ceart ar an gcaoi nach féidir saol leanaí a chur go néata i gcatagóirí ach go mbíonn a saol trí chéile agus uilechuimsitheach. Beidh saincheisteanna oideachais, sláinte agus fóillíochta ag leanaí atá gan dídean; i gcás linbh faoi mhíchumas trom intleachtach beidh gá acu le cóiríocht speisialta, iompar agus oideachas. Mar sin, mar Ombudsman do Leanaí is iomchuí é gur labhair mé leis an gCoiste um Sheirbhísí Poiblí agus Maoirseachta i mí Márta, leis an gCoiste um Shláinte agus Leanaí i mí Bealtaine agus leis an gCoiste Oideachais agus Cosanta Sóisialta i mí Dheireadh Fómhair in 2015. I ngach cás bhí an plé cuardaitheach agus faisnéiseach, agus cuireadh gach ball de na coistí ar an eolas faoi ról na hOifige agus bhí siad cíocrach fáil amach faoi ghnéithe éagsúla dár gcuid oibre. Ba mhór an t-ardú meanma dom é an tacaíocht thar a bheith dearfach a thug gach coiste dár nOifig agus don obair a dhéantar anseo.

Bhí sí seo ina bliain thar a bheith deacair don Oifig sa mhéid gur bhog a lán dár mbaill foirne chuig poist nua agus muid ag feidhmiú le líon laghdaithe foirne dá bharr don chuid is mó den bhliain. Ag pointe amháin, bhíomar thíos 50% den líon iomlán molta foirne, mar a bheidh soiléir ón Tuarascáil seo, ach lean an Oifig ag déileáil le méadú ar líon na ngearán agus ag comhlíonadh ár ndualgas reachtúil go dearfach mar a bhain le hoideachas agus forbairt beartais.

Thug an fhoireann aghaidh ar an tasc ollmhór caighdeáin a choinneáil ard fad is a clúdaíodh roinnt post folamh. Léirigh gach uile bhall foirne díograis thar na bearta don Oifig agus chuir seirbhís den chéad scoth ar fáil le linn 2015 d'aineoinn na ndúshlán, agus tá léiriú sa Tuarascáil seo ar an méid a chuir siad i gcrích. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo go léir, agus leosan a thosaigh ag obair linn i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a bhí an-tapa a dtacaíocht a léiriú don Oifig nuair a chuir mé isteach ar na folúntais foirne againn a líonadh. Tar éis dom cead a fháil uathu, bhí ar mo chumas tosú ag tógáil foireann nua agus chiallaigh sé go raibh mé in ann athbhunú a dhéanamh ar fhoireann iomlán faoi dheireadh 2015. Cé go raibh an idirbheartaíocht sin leis an Roinn dearfach, measaim go bhfuil sé tábhachtach a athdhearbhú go bhfuil gá ag an Oifig seo, mar institiúid neamhspléach ceart daonna, maoiniú a fháil go díreach ón Oireachtas seachas trí Roinn Stáit.

Ionadaíocht OCO ar Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC)

Is éard atá i gCoiste na Náisiún Aontaithe um Chearta na Linbh (UNCRC) grúpa de 19 saineolaí idirnáisiúnta, neamhspleácha a thagann le chéile sa Ghinéiv, san Eilbhéis, chun iniúchadh a dhéanamh ar thaifid gach ballstáit de chuid na NA i ndáil le seasamh le cearta leanaí agus na cearta sin a chur chun cinn. I mí an Mheithimh 2015 thaistil mé chuig an nGinéiv chun cur i láthair a dhéanamh don Choiste ina gcruinniú réamhsheisiúnach agus iad ag tiomsú fianaise faoin dul chun cinn, nó a mhalairt, ar chearta leanaí in Éirinn. Bhí sé seo ina ócáid thar a bheith tábhachtach do leanaí na hÉireann mar nach ndearnadh aon athbhreithniú ar Stát na hÉireann, sa réimse seo, ó bhí 2006 ann. Chuir sé seo an deis ar fáil don Oifig cur síos a dhéanamh ar na forbairtí dearfacha i ndáil le cearta leanaí in Éirinn, chomh maith leis na réimsí ina bhfuil gá dul chun cinn a dhéanamh fós chun feabhas a chur ar shaol leanaí in Éirinn.

I mo bhreathnóireachtaí don Choiste luaigh mé go raibh réadú ar chearta leanaí in Éirinn ina thionscadal neamhchríochnaithe. Ní hé sin le rá, ámh, nach bhfuil dul chun cinn déanta ó bhí 2006 ann. I measc na bhforbairtí dearfacha tá leasú bunreachtúil, arna fhaomhadh ag an bpobal in 2012, agus a síníodh sa dlí ar deireadh thiar thall i mí Aibreáin 2015. Dearbhaíonn sé seo cearta nádúrtha dochloíte an linbh do gach leanbh agus dearcthaí agus leas is fearr an linbh a bheith ag croílár na n-imeachtaí cúirte maidir le cúram, uchtáil, caomhnóireacht, coimeád agus rochtain. Bhí forbairtí reachtúla ann ar shaincheisteanna tábhachtacha a théann i bhfeidhm ar leanaí, lena n-áirítear caidrimh sa teaghlach agus ligean isteach i scoil. Ceapadh Aire sinsearach le haghaidh Leanaí agus Gnóthaí Óige agus bunaíodh Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Foilsíodh Creatbheartas Náisiúnta chun treoir a thabhairt maidir le forbairt, comhordú agus cur i bhfeidhm beartas agus seirbhísí do leanaí (Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile). Tá gníomhaireacht tiomnaithe nua ann – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, a bhfuil freagracht reachtúil uirthi as cosaint leanaí agus seirbhísí leasa. Tugadh isteach bliain réamhscoile saor in aisce. Tá sé beartaithe ospidéal nua náisiúnta leanaí a thógáil. Tá scor céimnithe ar bun den chleachtas daoine óga faoi bhun 18 a choinneáil i bpríosún.

Cuirimid fáilte roimh na forbairtí maithe seo. Cibé scéal é, ní leigheasfaidh siad gach fadhb, agus tá gá le tuilleadh athruithe i roinnt réimsí. Bhí tionchar thar a bheith neamhfhabhrach ar leanaí ag an ngéarchéim eacnamaíochta a bhí ann in Éirinn le tamall anuas. Dar le sonraí a bhí ar fáil i mí Márta 2015, tugadh le fios go raibh suas le 138,000 leanbh ag cónaí faoi bhochtaineacht ar bhonn leanúnach. D'aineoinn iarrachtaí a lán gairmithe chun seirbhísí éifeachtacha a sholáthar, chuir easnaimh sna hacmhainní a bhí ar fáil leis an moill déileáil le cúiseanna imní faoi chosaint leanaí agus chuir sé bac ar an rochtain a bhí ag leanaí ar sheirbhísí ríthábhachtacha sláinte agus tacaí oideachais. I gcás aon trian de na daoine a bhfuil gá acu le cúram othair chónaithigh le haghaidh deacrachtaí meabhairshláinte tá siad fós á gcur i lóistín do dhaoine fásta. I mí Márta 2015, bhí 1,054 leanbh i 471 theaghlach gan dídean (agus lean sé sin ag fás le linn 2015). I gcomhthráth leis sin, bhí tuairim is 1,400 leanbh ag caitheamh a mblianta múnaitheacha sa soláthar díreach, faoi choinníollacha a chuireann bac lena bpointínseal bheith faoi bhláth agus a chuireann bac lena gcearta bunúsacha a bhaint amach.


Tar éis béim a leagan ar raon saincheisteanna d'impigh mé ar an UNCRC breathnú ar an gcóras Oideachais agus ar na réimsí iomadúla nach raibh cearta leanaí á gcosaint nó á réadú go hiomlán iotu. Chuir mé síos ar go raibh sé an-mhíshásúil go gcaithfí níos fearr le leanaí a raibh reiligiún acu, agus d'ardaigh mé mo chúiseanna móra imní i ndáil le géilliúlacht na hÉireann dá dualgais faoin gCoinbhinsiún ó thaobh gan idirdhealú éagórach a dhéanamh. D'athdhearbhaigh mé ár n-iarratas go mbainfí an díolúine le haghaidh scoileanna ón Acht um Stádas Comhionann.

Is ar an oideachas is mó a bhíonn na gearáin a fhaigheann an Oifig seo dírithe agus mar thoradh ar iniúchadh a dhéanamh ar na gearáin sin táim den tuairim gur chúisigh an uathriail a tugadh do scoileanna na hÉireann leo feidhmiú ar bhealach nach bhféadfadh an Stát smacht a choimeád air ó thaobh freagrachta agus maoirseachta de, mar a bheifí ag súil leis mar iompróir an dualgais faoin gCoinbhinsiún. Agus mé ag labhairt leis an gCoiste, d'impigh mé orthu iarraidh ar an Stát athchothromú a bhaint amach idir uathriail na scoileanna agus maoirseacht ón Rialtas Láir chun a chinntiú go nglacfadh an Stát freagracht ag an leibhéal iomchuí as leas leanaí a chur chun cinn agus a chosaint laistigh den chóras oideachais.

Luaigh mé freisin gur gá don Stát dul i ngleic leis an moill atá ar thithíocht shóisialta agus tithíocht éigeandála a sholáthar atá oiriúnach do riachtanais leanaí. Chun seasamh le cearta leanaí an Lucht Taistil, luaigh mé gur ghá don Stát eitneacht an Lucht Taistil a aithint gan aon mhoill bhreise agus céimeanna coinchríteacha, intomhaiste a thógail chun dul i ngleic leis na dúshláin mhóra a gcaithfidh leanaí den Lucht Taistil aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe sláinte agus oideachas.

Is léir domsa nach míníonn an t-easnamh acmhainní, cé gur géar-easnamh atá ann, go hiomlán na bearnaí atá ann ó thaobh cearta leanaí a chosaint in Éirinn. Stát a bhfuil meas aige ar chearta daonna, is Stát é sin a thugann tús áite do chearta daonna a shaoránach, lena n-áirítear leanaí, sa chinnteoireacht faoin mbuiséad, sa chinnteoireacht reachtúil agus sa chinnteoireacht ó thaobh riaracháin de. Tá teipeanna maidir leis seo soiléir i réimsí éagsúla den riarachán poiblí i ndáil le leanaí, mar a raibh ceannas ag beartas ar leas leanaí agus a leas is fearr. Baineann na cleachtais sin le cultúr, agus a n-iarbhairtí ar leanaí agus tá siad le sonrú go soiléir sna cuntais a thugann leanaí agus a dtuismitheoirí sna gearáin a chuirtear faoi bhráid na hOifige, agus d'fhoilsigh mé na scéalta sin in *A Word from the Wise* – áis de chuid na hOifige a cuireadh chuig UNCRC chun go gcloisfidís 'go díreach' ó na daoine is mó a bhí thionchar in Éirinn. Chuir mé é ar fáil mar dhlúthdhiosca agus mar fhoilseachán agus d'áirigh mé ann scéalta faoi sheacht gcinn éagsúla de ghearáin i réimsí ilghnéitheacha amhail easpa dídine, cóiríocht speisialta a bheith ag teastáil agus an Ardteistiméireacht a dhéanamh. Agus mé ag cruthú na háise seo fuair mé ionspioráid ó Brian Friel a dúirt "*words are the weapons of the dispossessed*". Is é an té ar tharla an t-eispéireas dó nó di an té is fearr an scéal a insint.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom a rá go bhfuilim féin agus m'fhoireann ag Oifig an Ombudsman do Leanaí go hiomlán tiomanta do chomhlíonadh ár ndualgas reachtúil thar ceann tuairim is 1.2 milliún leanbh ar fud na hÉireann. Chuige sin, beidh mé ag obair go han-dian in 2016 chun plean straitéiseach nua a fhorbairt ina leagtar síos na príomhréimsí fócais ag an Oifig thar an gcéad trí bliana eile. Ar na réimsí sin, tuigim go mbeidh sláinte mhothúcháinach leanaí ina réimse tosaíochta. Seo réimse ina bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ag an Stát, mar shampla bunú na hOifige Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc, ach tá a lán oibre le déanamh fós. Measaim, mar náisiún, agus go háirithe ó thaobh daoine óga de, go bhfuil siad á gcur féin in iúl níos mó ná riamh agus ag labhairt faoina meabhairshláinte. I bhfianaise cearta leanaí a) guth a bheith acu (is léir gur scéalta pianmhara atá á n-insint acu) b) a leas is fearr a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh maidir leo agus c) an ceart sláinte mhaith a bheith acu, tá sé de dhualgas ar an Stát freagra suntasach a thabhairt ar an bplé seo atá ag fás faoi fholláine mhothúcháinach agus mheabhrach.



Niall Muldoon
Ombudsman do Leanaí



OCO
@OCO_ireland

Dr Niall Muldoon receiving his Warrant of Appointment from President Michael D. Higgins tonight at Áras an Uachtaráin



RETWEETS LIKES

10

8

11:15 AM - 17 Feb 2015

OCO Retweeted



SPECS Bray @SpecsBray · 2 Dec 2015

A big thank you to @SimonHarrisTD and Dr. Niall Muldoon @OCO_ireland for launching our SPECS service on Monday.



RANNÓG 1
SÚIL SIAR
AR 2015



OCO @OCO_ireland · 30 Mar 2015

Dr Niall Muldoon with Sr. Stanislaus Kennedy @YSINow & Mercy College, Coolock students at #SpeakOut event in Dublin



The Young Social Innovators (YSI) Dublin 'Speak Out' event took place recently at the Mansion House.

Pictured: at the event with Sr. Stan and Dr. Niall Muldoon, Ombudsman for Children, were participants from Mercy College, Coolock (from l-r: Laura Harris, Samantha Keoghan, Caithlin Keegan and Sabina Gurjeva. PHOTO: Derek Speirs



IrishRefugeeCouncil

@IrishRefugeeCo

.@OCO_ireland will focus on ensuring that "children are at the forefront of decision-making, and not an afterthought" @noelbaker1

RETWEETS

2


LIKES

2



11:58 PM - 13 Feb 2015

Eanáir



Casann Niall le Meitheal um Phróisis Chosanta lena n-áirítear Soláthar Díreach agus tacaí do chuardaitheoirí tearmainn, faoi chathaoirleacht an Dr Bryan McMahon

Feabhra



Tosaíonn Niall ag obair mar Ombudsman do Leanaí agus téann chuig Áras an Uachtaráin mar a ndéanann an tUachtarán Ó hUiginn é a cheapadh go hoifigiúil

Bealtaine



Freastalaíonn Niall ar an ngradam síochána i dTiobraid Árann

Tagann Niall os comhair an Chomhchoiste Oireachtais maidir le Meabhairshláinte agus Leanaí

Meitheamh




Cuireann Niall tuarascáil OCO faoi bhráid an Choiste um Chearta an Linbh san Eilbhéis

Freastalaíonn Niall ar an bhFóram Eorpach um Chearta an Linbh sa Bhruiséil

Meán Fómhair

Freastalaíonn Niall ar chomhdháil ENOC in Amstardam



Deireadh Fómhair

cuireann an tOmbudsman do Leanaí aighneacht isteach maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille um an Dlí Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2015

Márta

Seolann Niall
Tuarascáil Bhliantúil
Chomhghuaillíocht
Mheabhairshláinte Leanaí



Tagann Niall os comhair an Choiste
Oireachtais maidir le Maoirseacht
agus Achainíocha Seirbhíse Poiblí

Aibreán

Tuarascáil Bhliantúil an Ombudsman do
Leanaí do Choiste na Náisiún Aontaithe
maidir le Cearta an Linbh

Bualadh leis an Aire Sláinte, Leo Varadkar

Cruinniú leis an Aire Dlí agus Cirt,
Frances Fitzgerald faoi Sholáthar Díreach

Iúil


Leabhraíonn Niall le
Daoine Óga ag ócáid
i mBaile Munna



Labhraíonn Niall ag
'Making Rights Real for Children:
A Children's Rights Audit of Irish Law'

Lúnasa

Seolann Niall tuarascáil
OCO faoi chaighdeán ag
ionaid chúraim chónaithigh
phríobháideacha agus phoiblí



Samhain

cuireann an tOmbudsman do Leanaí aighneacht
isteach maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille
Uchtála (Faisnéis agus Rianú) 2015

Labhraíonn Niall ag Comhdháil Lónra Príomhoidí
Bunscoile Éireann — "Putting Emotional
Wellbeing At the Heart of Schools"

Nollaig



Labhraíonn Niall
ag comhdháil
Parents Plus
National

RANNÓG 2

**CÉ MUID
AGUS CAD A
DHÉANAIMID**

Bunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) in 2004 faoin dlí, ar a dtugtar an tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002 chuige seo:

- 1 Iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin arna ndéanamh ag leanaí agus daoine óga faoi ghníomhartha de chuid eagraíochtaí poiblí
- 2 Cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois a chur chun cinn, ar leanaí iad atá ina gcónaí in Éirinn.

Is éard is Ombudsman ann duine neamhspleách a chosnaíonn cearta daoine aonair nó grúpaí i ndáil le cumhachtaí agus gníomhartha eagraíochtaí rialtais agus poiblí.

Eascaíonn an focal Ombudsman ó fhocal Lochlannach a chiallaíonn cosantóir ceart, agus is é sin bun agus barr obair OCO.

Obair OCO chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn:

- A fháil amach cad iad na cúiseanna imní atá ag leanaí agus daoine óga agus a dtuairimí a chur faoi bhráid an Rialtais agus daoine eile a dhéanann cinntí a théann i bhfeidhm ar leanaí agus daoine óga
- Tacú le daoine, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, chun gur féidir leo fáil amach faoi chearta leanaí agus faoin gcaoi ar féidir meas a léiriú ar na cearta sin, na cearta a chosaint agus iad a réadú
- Comhairle a chur ar an rialtas agus ar dhaoine eile chun cuidiú leo a chinntiú go bhfuiltear ag urramú cearta leanaí tráth a bhfuil dlíthe agus pleannanna a mbeadh tionchar acu ar leanaí á gceapadh
- Tathant ar eagraíochtaí poiblí obair ar bhealaí a chuireann chun cinn cearta agus leas leanaí
- Taighde a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar na saincheisteanna atá tábhachtach do leanaí agus daoine óga

Inár nOifig breathnaímid ar an tionchar a bhíonn ag drochriarachán ar an leanbh agus féachaimid le fáil amach cad é dearcadh an linbh faoina n-eispéiris féin. Chomh maith leis sin, breithnímid conas a bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar chearta an linbh.

Ceann de na gnéithe lárnacha de chur chun cinn agus cosaint cearta leanaí agus daoine eile ná a chinntiú go ndéantar dea-riarachán.

Tá ceart bunúsach chun an dea-riaracháin cumhdaithe in Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm in Éirinn in 2009, tá an luach dlíthiúil céanna ag an gCaírt seo is atá ag gach Conradh den AE. Mar thoradh air sin, tá gach duine anois i dteideal dea-riaracháin ar a g(h)nóthaí.

Baineann Ombudsmen agus coimisiúin um chearta daonna ar fud a domhain úsáid as coincheap an dea-riaracháin. Is uirlis é an dea-riarachán a úsáideann Ombudsman chun an caidreamh idir saoránaigh agus an rialtas a thomhas, chun tionchar a imirt air agus chun é a fhorbairt.

Cibé scéal é, tá dualgas níos leithne ar an Ombudsman do Leanaí in Éirinn cearta agus leas leanaí a chur chun cinn agus mar sin trí bhreathnú ar riarachán poiblí ó dhearcadh an linbh is féidir léargas maith a fháil ar conas a bhíonn tionchar neamhfhabhrach ag drochriarachán ar chearta leanaí. Féadfaidh sé a léiriú dúinn freisin conas is féidir le dea-riarachán an saol a leigheas do leanaí.

Sa rannóg seo táimid tar éis béim a leagan ar shaincheisteanna a nascann cearta leanaí le dea-chleachtas riaracháin, nó i roinnt cásanna easpa riaracháin ar fad:

1. An dualgas atá ar an rialtas cúiseanna a thabhairt lena chinntí

Tá sé ina fheidhm bhunúsach den dea-riarachán faisnéis a chur in iúl ar bhealach a chuidíonn le daoine cinntí eolasacha a dhéanamh. Cé gur tháingamar ar roinnt samplaí de seo ar éirigh go maith leo in 2015, tháinig a lán samplaí chun solais nuair nár tharla sé agus bhí tionchar neamhfhabhrach aige ar leanaí. Tá sé tábhachtach go mbeadh comhlachtaí poiblí go hiomlán trédhearcach ina gcinnteoireacht. Is léiriú an dá chás-staidéar seo a leanas ar an tionchar neamhfhabhrach a bhíonn ag easpa trédhearcachta i gcinnteoireacht comhlachtaí poiblí ar leanaí.

Coiste na Scrúduithe Stát (SEC): Freastal réasúnta don Ardeistiméireacht

Achoimre ar an ngearán

Bhí Seán* ar tí an Ardeistiméireacht a dhéanamh i mí an Mheithimh 2015 agus chuir a thuismitheoir gearán faoinár mbráid faoi chinneadh a rinne SEC freastal réasúnta a dhiúltú a bhí iarrtha ag an té óg seo. Bhí Saindeacracht Foghlama i bhfoirm displéice agus dioscailcúile aige agus bhí sé ag lorg léitheora agus tarscaoileadh litrithe agus gramadaí dá scrúduithe. Diúltaíodh freastal ar a riachtanais agus níor éirigh le hachomharc a rinneadh chuig Coiste Neamhspleách Achomhairc SEC.

Níor tugadh aon chúis dá thuismitheoirí cén fáth ar diúltaíodh freastal ar a riachtanais. Chuirmeamar comhairle air dul i dteagmháil athuair le SEC chun go gcuirfidís in iúl cén réasúnaíocht a d'úsáid siad agus an cinneadh á dhéanamh. Nuair a cuireadh é sin ar fáil don thuismitheoir bhí an thuismitheoir fós den tuairim go raibh an cinneadh a rinne siad míchothrom agus chuir gearán faoi bhráid na hOifige seo dá réir.

Scrúdú OCO ar an ngearán

Rinneamar iniúchadh ar an ngearán trí fhreagra a lorg ó SEC ar an ngearán agus cibé acu an bhféadfaí an scéal a réiteach trí athbhreithniú a dhéanamh ar an iarratas nó nach bhféadfaí. Rinne siad athbhreithniú ar an eolas go léir i gcomhaid Sheáin agus fuair siad amach go raibh an scoil tar éis measúnú a dhéanamh ar Sheán trí thaisme ag úsáid an ábhair léitheoireachta mícheart. Ní raibh an t-ábhar léitheoireachta ag an 'leibhéal ceart'. Bhíothas tar éis é a mheas ag úsáid páipéir scrúduithe ag an ngnáthleibhéal cé go raibh sé chun ardleibhéal a dhéanamh i roinnt scrúduithe.

Toradh

Mar sin, d'iarr SEC ar an scoil an tástáil a athdhéanamh leis an dalta agus an t-ábhar cuí a úsáid. Léirigh torthaí an dara triail seo gur chomhlíon Seán na coinníollacha le go bhfreastalófaí ar a riachtanais. Ina dhiaidh sin, cheadaigh SEC léitheoir, tarscaoileadh litrithe/gramadaí/poncaíochta, agus go n-úsáidfí ionad speisialta don dalta seo.

Cuireadh an scoil, na thuismitheoirí agus a mac ar an eolas faoin gcinneadh seo agus bhíodar in ann ullmhú don Ardeistiméireacht dá réir.

** Athraíodh ainm an linbh i gceist ar mhaithe le rúndacht.*

Tá sé seo ar cheann den iliomad gearán a fhaightear ar an gceist seo agus faraor ní bhíonn toradh dearfach orthu go léir. Tá an gearán seo tar éis dhá chúis imní ar leith a ardú dúinn. Ar an gcéad dul síos, rud atá coiteann i measc na ngearán go léir, ní thugtar an chúis leis an diúltú bunaidh mura gcuirtear an cheist go sonrath i scríbhinn chuig SEC.

Mar sin, téann tuismitheoirí isteach i bpróiseas Achomhairc SEC gan eolas iomlán a bheith acu ar bhunús an chinnidh a bhfuil siad ag déanamh achomhairc air. An chúis imní eile ná nár tugadh na hearráidí, a tháinig chun solais agus athbhreithniú á dhéanamh ar an ngearán, ar iarratas na hOifige seo, chun solais ag céim an achomhairc, agus go praiticiúil theip ar an bpróiseas achomhairc don ghearánaí seo.

Don dalta seo bhí toradh sásúil ar an ngearán roimh an Ardeistiméireacht. Cibé scéal é, tá imní orainn faoin gcaoi a bhféadfadh leanaí eile a bheith thíos leis. Mar sin, chinneamar ár gcuid eolais agus na gearáin seo léir faoi SEC a fuaireamar in 2014 agus 2015 a bhailiú chun forléargas a sholáthar ar na saincheistanna a bhaineann le SEC agus chun beartú ar an mbealach is fearr ina bhféadfaimis athruithe a spreagadh do gach leanbh eile a bhféadfadh na cinntí riaracháin seo tionchar a bheith acu orthu. Tá sé beartaithe againn an tuarascáil seo a fhoilsiú in 2016.

2. An dualgas dóthain eolais faoi sheirbhísí a sholáthar

Téama a thagann chun cinn go minic i ndáil le seirbhísí, go háirithe seirbhísí do leanaí faoi mhíchumas, ná an easpa eolais ar cá bhfuil na seirbhísí sin ar fáil. Bíonn sé deacair ar thuismitheoirí a mbealach a aimsiú ar fud córais agus riachtanais a leanaí ar fud a lán comhlachtaí poiblí agus seirbhísí eile a chuireann an tseirbhís phoiblí ar fáil.

Mar shampla, i gcás linbh faoi mhíchumas seans go mbeadh gá aige nó aici le coinní ospidéil, seirbhísí urlabhra agus teanga pobail, iompar scoile, cúnamh speisialta oideachais agus cúram faoisimh ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Níl aon seirbhís náisiúnta stocaireachta ann le haghaidh leanaí faoi mhíchumas agus is minic a fhoghlaimíonn tuismitheoirí ó thuismitheoirí eile níos mó faoi conas rochtain a fháil ar sheirbhísí dá leanbh ná mar a fhoghlaimíonn siad ón "gcóras".

An baol atá ann le droch-chleachtais riaracháin, mar shampla droch-roinnt faisnéise agus moill ar chinntí a fháil, ná go mbeadh drochthionchar acu ar an leanbh agus ar a bhforbairt agus ar riachtanais eile.

Do bhealach a fháil timpeall ar sheirbhísí do leanaí faoi mhíchumas

Rinne tuismitheoirí an chúpla Aidan* agus Seán *, a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais acu, gearán leis an OCO i ndáil le leithdháileadh uathoibríoch a dhéanann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar soláthar Teagaisc Bhaile dá siblíní.

Bhronn an Roinn Oideachais uasmhéid de 10 n-uaire an chloig de Theagasc Baile don bheirt mhac, dar aois 2 bhliain agus 8 mí i mí Eanáir 2013 le roinnt eatarthu. Ina dhiaidh sin méadaíodh é chuig 20 uair an chloig de sholáthar comhroinnte tráth a mbeadh na buachaillí seo 3. Rinne a dtuismitheoirí achomharc ar an gcinneadh seo, ag maíomh nach bhféadfaí oiliúint a chur ar an bheirt lena chéile mar go raibh riachtanais éagsúla acu. Ón eolas tacaíochta a chuir Síceolaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil luaigh sé gur bhreithnigh sé na buachaillí ar leithligh óna chéile agus tacaí á bpleanáil amach anseo agus bhí an moladh sin curtha ar aghaidh chuig an Roinn freisin. Cibé scéal é, mhaígh an Roinn gurb é prionsabal grúpála na scoile, bunaithe ar an gcóimheas múinteoirí le daltaí ná 1.6 móide dhá Chúntóir Riachtanas Speisialta, agus é sin curtha i bhfeidhm ar theagasc baile mar bheart eatramhach a raibh sé i gceist leis go gcúiteodh sé don soláthar scoilbhunaithe.

Imscrúdú OCO

Tar éis don OCO imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán, chinn an Oifig seo don scoilbhliain 2012/2013, nach raibh aon soláthar i scríbhinn ann ar bhonn leithdháileadh comhroinnte do shiblíní sa Chiorclán maidir le Teagasc Baile, 'job guide' (nós imeachta/treoir inmheánach do phróiseáil iarratas a dhéanann an fhoireann) ar fhoirm iarratais. De bhreis air sin, bhí easpa trédhearcachta ann, i ndáil le hinfhaighteacht na leithdháiltí don Teagasc Baile do shiblíní agus ó thaobh an eolais ba ghá chun teach tar na leithdháiltí indibhidiúla sin. Ní raibh aon phróiseas ann ach oiread mar threoir do ghníomhartha na Roinne agus í ag breithniú na n-iarratas le haghaidh na siblíní.

Chinn OCO freisin go ndearna an Roinn idirdhealú éagórach i gcoinne na mbuachaillí seo sa mhéid nár tugadh an deis dá dtuismitheoirí idirbheartaíocht a dhéanamh chun socruithe eile Teagaisc Baile a fháil, cé go raibh teaghlach eile le siblíní a bhfuil riachtanais speisialta acu agus le leanaí nach raibh gaolta arb cosúil a fuair.

Sa mhéid go raibh easpa trédhearcachta ann agus nár leanadh nós imeachta cóir do theaghlach chun rochtain a fháil ar ghrúphocruithe bhí sé deacair don teaghlach seo, agus d'aon teaghlach eile, rochtain a fháil ar eolas faoi na socruithe sin agus conas rochtain a fháil orthu.

Ar deireadh thiar, chinn OCO go raibh an choinneáil taifead easnamhach agus go raibh moil ann i ndáil le láimhseáil achomharc na dtuismitheoirí ar an leithdháileadh bunaidh den soláthar Teagaisc Baile, nár lorg an Roinn tuilleadh eolais faoi riachtanais na mbuachaillí cé go raibh an deis acu déanamh amhlaidh agus go ndearnadh an leithdháileadh ar sholáthar roinnte ar bhonn eolais neamhiomláin.

Toradh

De bhun moltaí a rinne OCO sa chás seo, leasaíodh an Ciorclán ón Roinn a rialáonn an Teagasc Baile – Gné an Oideachais Speisialta.

Foráiltear sa Chiorclán sin, mar aitheantas ar riachtanais éagsúla siblíní, go ndéanfaí leithdháiltí indibhidiúla a mheas ar bhonn cás ar chás. Foráiltear sa Chiorclán seo freisin, gur féidir méadú ar leithdháileadh le haghaidh siblíní de suas le 50% a iarraidh gan aon eolas tacaíochta breise a sholáthar.

Chomh maith leis sin, d'éisigh an Roinn treoir poist leasaithe chun tacú leis an gcur chuige seo. Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoi eolas ar shocruithe grúpála mar atá sonraithe i gCiorclán na Roinne, i litreacha arna n-eisiúint mar fhreagra ar iarratais ar Theagasc Baile agus iarratais ar Oifigigh Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO) socruithe éagsúla a phlé le tuismitheoirí tráth a bhfuil iarratais á ndéanamh ar an scéim.

Mar aitheantas ar nár tugadh aghaidh ar cheist an tsoláthair do shiblíní ina gCiorclán ag an am a rinne na tuismitheoirí a n-iarratais bhunaidh, cheadaigh an Roinn 550 uair sa bhreis de theagasc do na buachaillí sa chás seo agus 30 uair sa bhreis sa tseachtain go dtí deireadh Dheireadh Fómhair 2014.

Ar deireadh thiar, chun dul i ngleic le moladh OCO go mbrostódh an Roinn an beartas náisiúnta ar uathachas, fuair an Roinn comhairle beartais ó NCSE maidir leis an mbeartas seo in 2015.

** Athraíodh ainm an linbh i gceist ar mhaithe le rúndacht*

OCO Retweeted



Youth Information @YouthInfoDub - 26 Nov 2015

Great talk by Paraic Walsh of @OCO_ireland at the @ChildRightsIRL seminar on Turning Wrongs to Rights.



Today FM News

@TodayFMNews

Childrens Ombudsman wants HIQA to inspect residential care homes for children
todayfm.com/Childrens-Ombu ... via @todayfm

RETWEETS

3

LIKES

3



5:15 AM - 7 Aug 2015

3. Riarachán Poiblí agus sainchearta leanaí

Leag an oifig seo béim ar an nasc idir riarachán poiblí agus cearta leanaí i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo agus táimid tiomanta de cearta leanaí a lorg agus a réadú ar bhealach an-réadúil leosan atá ag obair sa rialtas a dhéanann cinntí faoi leanaí. Áiríonn sé seo na daoine a shocraíonn agus a scríobhann ár reachtaíocht. Mar shampla, sa chéad chás eile bhí contaisc ann le sárú d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí Airteagal 7 den UNCRC, an ceart ainm agus náisiúntacht a bheith ag leanbh, agus Airteagal 8, an ceart go ndéanfaí féiniúlacht a chaomhnú.

An ceart ainm a bheith agat

Fuarthas gearán a bhain le hiarrachtaí tuismitheora breith a linbh a bheith cláraithe leis an Phríomh-Oifig Chlárúcháin (GRO) agus uimhir PSP a fháil don Leanbh ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Bhí máthair an linbh pósta ach scartha óna fear céile le roinnt blianta.

Faoin reachtaíocht reatha glactar leis gurb é an fear céile athair an linbh murar féidir a mhalairt a chruthú sa chúirt. Mhínigh an gearánach go raibh iarrachtaí déanta aici a léiriú nach a fear céile athair an linbh agus bhí sí ag iarraidh go ndéanfaí teastas breithe an linbh a chlárú gan ainm an athar, mar nach raibh céannacht an athar ar eolas.

Tionchar neamhfhabhrach

Na himpleachtaí a bheadh ag gan breith an linbh seo a bheith cláraithe, ná nach bhféadfadh an leanbh uimhir PSP a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí, nach bhféadfaí liúntas leanaí a éileamh, agus nach bhféadfaí an leanbh a chlárú mar chleithiúnaí na máthar – rud a bhí ag isteach ar infhaighteacht tithíochta údaráis áitiúil, mar thuismitheoir singil.

Chomh maith leis sin, ardaíonn sé an cheist faoi dhualgas an Stáit Airteagal 8 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh a chomhlíonadh i ndáil le cearta linbh céannacht a bheith acu.

Cé go mb'fhéidir go mbeadh an gearánach in ann faoiseamh a lorg ón mBord um Chúnamh Dlíthiúil, toisc na liostaí feithimh chiallódh sé sin go mbeadh moill ar a laghad naoi mí le haon réiteach ar an scéal. Dá brí sin, d'fhéadfadh an leanbh aois a dó a bhaint amach gan a theastas breithe a bheith cláraithe ná uimhir PSP a bheith eisithe.

Imscrúdú OCO ar an ngearán

Bhí teagmháil idir muid agus GRO, trí mheán an réamhscrúdaithe, i ndáil le réiteach éigin a lorg ar cheist an chlárúcháin breithe. Bhí an freagra bunaithe ar go raibh de dhualgas ar an ngearánach cloí le hAlt 4 den Acht um Stádas Leanaí 1987 agus gur ghá an bhreith a bheith cláraithe de réir Alt 19 d'Acht 24 (An tAcht um Chlárú Sibhialta).

Is éard a chiallaigh sé sin go bunúsach gur chóir an bhreith a chlárú le hainm an fhir chéile mar athair, faoi rial 'thoimhde na hathrachta', agus go bhféadfaí rialú in aghaidh na toimhde sin a níos déanaí agus í a leasú tráth a mbeadh dóthain fianaise curtha ar fáil. Cibé scéal é, bhí an gearánach tar éis iarracht déanamh amhlaidh, ach dhiúltaigh oifig GRO dá hiarratas.

Bhí plé againn athuair le GRO, ag lua na n-iarachtaí a bhí déanta cheana féin, agus ag an staid seo glacadh leis go dtí, GRO, Joyce House, sásta anois an bhreith a chlárú (le hainm an fhir chéile mar athair, a d'fhéadfaí a leasú níos déanaí). Chuidigh abhcóide don tuismitheoir leis an mháthair dul tríd an bpróiseas clárúcháin seo.

Maidir le heisiúint na huimhreach PSP bhí plé againn leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, Seirbhísí Céannachta Cliant (CIS). Thug CIS freagra dearfach orainn agus aontaíodh go mbreathnófaí ar an gcás arís ag an leibhéal is airde, dá gcuirfeadh an gearánach nó a habhcóide sonraí uile an cháis ar fáil. Breithníodh eisiúint uimhir PSP in éagmais teastais bhreithe. Chuir sé sin tús le próiseas mar ar eisíodh uimhir PSP ar deireadh thiar don leanbh, bunaithe ar an bhfianaise chuí go léir a bhain leis an mbreith a beith curtha i láthair (ach gan an teastas breithe a bheith ann, a bhí á phróiseáil ar leithligh.

Toradh

Mar thoradh ar idirghabháil na hOifige seo, d'aontaigh an dá chomhlacht poiblí lenar bhain an cheist seo ar deireadh thiar feidhmiú ar bhealach lánroghnach agus leanbhlanaithe, agus bhí toradh dearfach air sin dá bharr don leanbh. Sa chás seo, bhí cinní tosaigh déanta ag leibhéal na roinne áitiúla, agus cé go mb'fhéidir go raibh siad ceart ó thaobh an riaracháin de, níor chuir siad san áireamh na coinníollacha speisialta a bhaint leis an leanbh seo agus an tionchar neamhfabhrach a bheadh ag na cinní sin ar an leanbh.

An príomhbhac a bhí le breith an linbh seo a chlárú ná an riail 'toimhde na hathracha'. Chonaiceamar sa chás seo conas is féidir le riail deacrachtaí a chruthú ó thaobh teacht salach ar cheart atá ag leanbh céannacht a bheith acu de réir mar atá cumhdaithe in Airteagal 8 de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh.

Tá toimhde na hathracha seo sa reachtaíocht (An tAcht um Stádas Leanaí, 1987, Alt 46). Faoi láthair tá Alt 19 den Acht um Chlárú Sibhialta 2004 fós i bhfeidhm agus sonraítear ann an ceanglas gach breith a chlárú. De réir cosúlachta cuirfidh an Acht um Chlárú Sibhialta (Leasú) 2014 raon áirithe ar fáil go bhfeidhmeodh GRO go lánroghnach agus breith á chlárú, i gcás go raibh cúinsí eisceachtúla i gceist a d'fhéadfadh a bheith ina mbac ar an gclárú. Ceadóidh Acht 2014 anois lánrogha a úsáid chun breith a chlárú chun 'cruatan míchuí' a sheachaint'. Cé gur ritheadh an tAcht seo, níor tugadh tosach feidhme do na forálacha cuí go fóill.

RANNÓG 3
**GEARÁIN &
IMSCRÚDUITHE**

Faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 (arna leasú) féadfaidh an Oifig imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin arna ndéanamh ag leanaí agus daoine óga, nó ag daoine fásta thar ceann na leanaí agus na ndaoine óga, faoi eagraíochtaí poiblí, scoileanna agus ospidéal.

Tá an tseirbhís seo saor in aisce, neamhspleách agus neamhchlaonta. Féadfaidh gearánaigh a ngearán a chur isteach le litir nó ar an bhfoirm ghearáin ar líne. Déantar cás-oibrí a shannadh do gach gearánach mar theagmhálaí san Oifig.

Is í feidhm na ngearán agus na n-imscrúduithe croífhaidhm ár n-oibríochtaí, agus bíonn ár bhfoireann imscrúduithe thar a bheith gnóthach ag obair ar raon éagsúil de ghearáin.

Conas a dhéantar gearáin a phróiseáil in Oifig an Ombudsman do Leanaí

Déanaimid gach iarracht gach gearán a bhrú chun cinn agus a chur i gcrích ar bhealach chomh héifeachtach, tíosach agus is féidir, ach fós féin bímid ar ár ndícheall a bheith cóir cothrom leis an ngearánach agus leis an gcomhlacht poiblí i gceist ar aon.

Cuirimid chun cinn an 'réiteach ar bhonn áitiúil' mar ghné lárnach dár n-obair, de réir phrionsabail idirnáisiúnta Ombudsman.

I gcás go bhfuil gearán lasmuigh dár sainréimse cúraim, nó mura bhfuil forais imleora ann chun an gearán a scrúdú, cuirimid comhairle ar fáil faoi eagraíochtaí eile a d'fhéadfadh cúnaimh a chur ar fáil. D'fhéadfadh go gcinntimis freisin gearáin a aistriú chuig comhlachtaí eile, mar shampla chuig Oifig an Ombudsman, má aontaíonn an gearánach.

I gcás go gcinntimid gearán a imscrúdú ar dtús breithnímid cibé acu an féidir na cúiseanna imní agus gearáin a réiteach go gasta. D'fhéadfadh an cás-oibrí glaoch ar an eagraíocht i gceist go díreach chun a phlé leo an bhféadfaí teacht ar réiteach gasta, ar mhaithe le leas is fearr an linbh.

Is minic a bhímid i dteagmháil le comhlachtaí poiblí ar bhonn níos ginearálta chun feabhas a chur ar ár mbeartais, ár gcleachtais agus ár nósanna imeachta ionas go mbeimid in ann na torthaí is fearr a bhaint amach do gach leanbh a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil leis na comhlachtaí sin.

I gcás go bhfuil an scéal níos casta agus nach féidir réiteach sásúil a sholáthar, d'fhéadfaimis dul ar aghaidh agus imscrúdú a chur sa tsiúl agus ar an gcaoi sin a chinneadh cibé acu ar chuir gníomh nó neamhghníomh an chomhlachta poiblí sin isteach go neamhfhabhrach ar leanbh nó nach ndearna.

Fiú ag céim an imscrúdaithe tá an deis ag an gcomhlacht poiblí agus ag an ngearánach aontú ar bhealach chun an scéal a réiteach chun maolú a dhéanamh ar aon tionchar neamhfhabhrach ar an leanbh. I gcás go dtarlaíonn sé sin, d'fhéadfaimis an cás a dhúnadh ach coinnímid i gcónaí an lánrogha an t-imscrúdú a chríochnú amach má tá saincheist chórasach i gceist a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar níos mó leanaí. Agus tharla sé sin go mion minic go nuige seo.

D'fhéadfadh sé roinnt mhaith ama a thógáil imscrúdú iomlán a chur i gcrích, agus cé go ndéanaimid gach iarracht an próiseas a bhrostú, ní pléadalaí muid ar son an linbh ná ní lucht freasúra muid in aghaidh an chomhlachta phoiblí agus mar sin is gá dúinn a bheith cóir cothrom agus meas a léiriú ar gach páirtí agus an deis a thabhairt dóibh a gcás a chur i láthair sula nglactar cinneadh.

Go sonrach, breathnaítear sa phróiseas imscrúduithe ar an tionchar neamhfhabhrach ar an leanbh, chomh maith leis an ngníomh riaracháin féin, chun a fháil amach an ndearnadh an gníomh sin:

- gan údarás cuí;
- ar fhorais neamhábhartha;
- mar thoradh ar fhaillí nó míchúram;
- bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó neamhiomlán;
- idirdhealaitheach go míchuí;
- bunaithe ar chleachtas neamh-inmhianaithe riaracháin; nó
- ar bhealach eile a bheadh contrártha le riarachán cóir stuama.

Bíonn an t-eolas a fhaighimid trí imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i gcónaí ag tabhairt léargais luachmhara dúinn ar eispéiris leanaí agus teaghlach ag déileáil le seirbhísí poiblí.

Chomh maith leis sin, léiríonn sé gníomhartha dearfacha na gcomhlachtaí poiblí chun cúiteamh a dhéanamh le haghaidh na n-earráidí a rinne siad, agus go deimhin féin cásanna inar fheidhmigh na comhlachtaí poiblí go cuí.

Leas is fearr an linbh


Sonraítear san Acht freisin na forálacha sonracha sa reachtaíocht a chuireann san áireamh go bhfuil leanaí leochaileach ach go háirithe agus go mbeidh aird ag an Oifig um Ombudsman do Leanaí ar leas is fearr an linbh agus iad ag feidhmiú a feidhme gearán.

CONAS GEARÁN A DHÉANAMH

Féadfaidh na daoine seo a leanas gearán a dhéanamh thar ceann leanaí agus daoine óga



Tuismitheoir



Neasghaolta



Gairmithe ag obair
le leanaí

OR

18


Is féidir le haon duine faoi bhun 18 gearán a dhéanamh le OCO

1

Cad is féidir liom gearán a dhéanamh ina thaobh?



Scoileanna



Ospidéal



Gach Roinn
Rialtais



Comhlachtaí poiblí áirithe
arna maoiniú ag an Rialtas


2

Sula ndéanann tú gearán



Déan iarracht an fhadhb a réiteach leis an eagraíocht

1
2
3



Cuir ceist faoina bpróiseas gearán

Má tá tú fós míshásta seans gur chóir duit ansin teagmháil a dhéanamh le OCO



OCO

3

Nuair atá gearán á dhéanamh agat



Beidh a mhéid eolais agus is féidir ag teastáil ó OCO

Ní ceadmhach dúinn taobhú le páirtí amháin thar páirtí eile



Breithneoidh an fhoireann Gearán agus Imscrúduithe ar na chéad chéimeanna eile



4

Más gá tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh

X



I gcás go gcinneann an oifig go raibh tionchar neamhfhabhrach ag gníomhartha na heagraíochta ar leanbh & go raibh sé míchóir ...



... d'fhéadfadh OCO moladh a dhéanamh leis an eagraíocht

5

Conas teagmháil a dhéanamh leis an oifig?



Ríomhphost



Post




Saorghlao

3.1. Gearáin ar deáileáladh leo in 2015

Bhí 2015 ina bliain thar a bheith gnóthach ó thaobh líon na ngearán de. Fuaireamar 1639 ngearán nua agus dá bhrí sin bhí sí ar an mbliain ba ghnóthaí ó bunaíodh an Oifig in 2004. Fuaireamar 119 ngearán níos mó ná 2014 agus is ionann sin agus ardú **8%**.


3.2 Cé uaidh a fhaighimid ár ngearáin in Éirinn

Tábla 1: Gearáin de réir Contae % in 2015



Mar is léir ón léaráid seo faighimid ár ngearáin ó limistéir uirbeacha agus thuithe ar an fud na hÉireann. Sa mhéid gurb é Baile Átha Cliath an limistéir leis an daonra is mó is ón limistéar sin a fhaighimid an líon is airde gearán (26%). Tá na gearáin ó na contaetha eile dáilte go cothrom.

Tábla 2: Cé hiad ar féidir leo teagmháil a dhéanamh linn?



I dTábla 2 léirítear gur tuismitheoir, siblín nó neasghaol a d’imigh i dteagmháil linn i gcás 81% de ghearáin. Léiríonn sé sin an ról ríthábhachtach atá ag an teaghlach agus iad ag lorg sásaimh dá leanaí i gcás go bhfuil siad den tuairim gur theip an tseirbhís phoiblí ar na leanaí/daoine óga sin, scoileanna san áireamh.

Tá sé tábhachtach freisin a chur san áireamh go mbíonn líon ard gairmithe a théann i dteagmháil leis an oifig seo chun pléadáil ar son leanaí. Rinne a lán gairmithe éagsúla teagmháil leis an Oifig seo le linn 2015 lena n-áirítear múinteoirí, príomhoidí scoile, oibríthe sóisialta agus foireann cúraim chónaitheach agus caomhnóirí ad litem. D’imigh daoine eile i dteagmháil linn freisin, mar shampla eagraíochtaí neamhrechtúla a bhíonn ag obair le leanaí faoi mhíchumas, leanaí atá ina mbaill den lucht taistil agus leanaí i gcúram – i gcás go raibh siad buartha faoi chearta leanaí nó leas leanaí mar gheall ar ghníomhartha comhlachtaí poiblí i roinnt cásanna agus neamhghníomhartha i gcásanna eile.

Léiríonn sé seo athuair, fairsinge shochoaí na hÉireann a d’imigh i dteagmháil leis an Oifig chun cúiseanna imní a chur in iúl faoi sheirbhísí poiblí thar ceann leanaí. Mar Oifig fáiltimid roimh gach teagmháil thar ceann leanaí. Trí bhéim a leagan ar na saincheisteanna a mbíonn ar leanaí aghaidh a thabhairt orthu, agus iad ag rochtain nó ag úsáid seirbhísí poiblí, is féidir linn tionchar mór a bheith againn ar athruithe ní hé amháin don leanbh aonair ach do gach leanbh sa phobal.


3.3 Líon na ngearán ag dul in airde

D'ardaigh líon na ngearán ar dhéileáileamar leo ó bhí 2004 ann ó níos lú ná 100 in 2004 go dtí 1,639 in 2015.

Ó foilsíodh ár nAcht bunaidh in 2002 tá raon ár sainchúraim méadaithe go suntasach. Bíonn níos mó is níos mó éilimh ar ár n-aonad gearán agus imscrúduithe mar thoradh ar níos mó gearán agus cineálacha nua gearán a bheith á gcur faoinár mbráid chomh maith le 200 comhlacht poiblí a bheith curtha faoinár sainchúraim ó 2013 i leith. Mar shampla, tháinig Coimisiún na Scrúduithe Stáit faoinár sainchúram an tráth úd agus in 2014 agus 2015 fuair an Oifig seo 132 ghearán i ndáil leis an gCoimisiún, agus d'éascair 40 cás indibhidiúil as sin agus rinneamar anailís chórasach ar shaincheistanna riaracháin.


I dTábla 2 léirítear gur ardaigh an t-éileamh ar ár seirbhísí go suntasach ó 94 chás in 2004 go dtí 1,639 in 2015.

Tábla 3: Líon na ngearán nua de réir bliana 2004 – 2015



3.4 Cad faoi a fuaireamar na gearáin in 2015?

Tábla 4: Céatadán na n-uaireanta a ndearnadh gearán faoi earnáil ar leith in 2015



Mar is léir ó Thábla 4 thuas, bhí earnáil an oideachais (45%) ar an earnáil is mó a ndearnadh gearán ina taobh, i gcás 25% de ghearáin is iad na hearnálacha Seirbhísí Tacaíochta, Cúram agus Cosanta Teaghlaigh a bhí i gceist agus bhain 14% de ghearáin leis na seirbhísí sláinte.

Seo i gcomparáid le 2014 tráth ar bhain gearáin i ndáil le hoideachas le 47% de ghearáin, bhí na hearnálacha Seirbhísí Tacaíochta, Cúram agus Cosanta Teaghlaigh i gceist le 25% de ghearáin agus bhain 11% de ghearáin le seirbhísí sláinte.

3.5 Earnáil an Oideachais

In 2015, bhain 45% de ghearáin a fuair an Oifig le leanáí agus a gcuid oideachais. Is gá a nótáil nár bhain na gearáin sin le scoileanna indibhidiúla amháin ach le cinntí riaracháin freisin a rinne raon eagraíochtaí oideachais a thagann faoi scáth shainchúram Oifig an Ombudsman do Leanáí mar shampla an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Seo laghdú de 2% i gcomparáid le 2014.

Baineann sé seo le laghdú beag de ghearáin faoi scoileanna. Tá sé suntasach gur laghdaigh an líon gearán faoi iompar míchuí gairmiúil, agus is féidir é sin a chur i leith na feasachta níos fearr atá ann lasmuigh de shainchúram na hoifige ina leith seo.

Tábla 5: Miondealú ar ghearáin a bhain le hoideachas in 2015

| Seo a leanas na fochatagóirí is mó faoi réimse an oideachais: | |
|--|--|
| Láimhseáil líomhaintí maidir le hiompar míchuí gairmiúil | |
| Láimhseáil cúiseanna imní faoi phiarbhulaíocht | |
| Torthaí agus freastal ar riachtanais scrúduithe | |
| Láimhseáil gearán, cinntí agus beartas | |
| Díbirt as scoil, fionraí ó scoil agus rollúchán scoile | |

Mar shampla, mar is léir ó Thábla 5 thuas, is é an fochatagóir is mó faoin oideachas ná láimhseáil líomhaintí faoi iompar míchuí gairmiúil múinteoirí agus foirne scoile.

Coisctear go sonrach ar an Oifig seo breithniú a dhéanamh ar shaincheistean a bhaineann le hiompar gairmiúil agus tá an Oifig ag stocaireacht le go gcuirfí i bhfeidhm Cuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (2001) sa mhéid nach bhfuil sé cóir cothrom ar thuismitheoirí, leanaí agus scoileanna nach bhfuil sásra maith ann chun gearán a dhéanamh faoi iompar múinteora. Is cúis mhór imní é seo don Oifig agus is saincheist í a d'ardaíomar le hAirí Oideachais éagsúla. Is gá tosach feidhme a thabhairt dó sin chomh luath agus is féidir.

Rinneamar iniúchadh ar ghearáin ó raon leathan réimsí oideachais a théann i bhfeidhm ar leanaí, mar shampla an scéim maidir le freastal réasúnta do dhaltaí ag Scrúduithe na hArdteisteiméireachta, leithdháileadh acmhainní ar leanaí faoi mhíchumas agus soláthar teagaisc bhaile. Gach bliain, déileálaimid freisin le gearáin faoi iompar scoile.

Ceann de láidreachtaí na hOifige seo ná raon leathan ár sainchúraim sa mhéid go dtugann sé an deis dúinn iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhartha riaracháin a théann i bhfeidhm ar oideachas leanaí a d'fhéadfadh a bheith lasmuigh de smacht na scoileanna.

Cuireann sé seo forléargas ar fáil don Oifig ar láidreachtaí, chomh maith le dúshláin, ar fud earnáil an oideachais. Tá an próiseas sin léirithe sa sampla thíos.

Cás maidir le hiompar scoile

Bhí Áine* ag fáil deontais do riachtanais speisialta iompair chun cuidiú léi freastal ar an scoil áitiúil. Cibé scéal é, nuair a d'aistrigh a teaghlach teach ní raibh a scoil ar an scoil is cóngaraí a thuilleadh. Diúltaíodh don iarratas ar go gcoinneofaí a socrúchán reatha scoile mar gur mheas an Bord um Achomharc Iompair Scoile nach raibh sé ar an scoil is cóngaraí dá baile nua. Gaelscoil an scoil ba chónagaraí di agus ní raibh sé sin oiriúnach di mar gheall ar a riachtanais speisialta mar nach raibh Gaeilge ag Áine.

De bhreis air sin, bhí a teaghlach tar éis aistriú tí a dhéanamh roimhe sin agus d'éirigh leis an iarratas ar riachtanais speisialta iompair an tráth úd. Chuir STAB in iúl go bhféadfaí cur isteach ar iompar ar bhonn lámhaltais. Measadh nach raibh sé sin oiriúnach d'Áine, ámh, mar gheall ar easpa maoirseachta ar chórais iompair dá leithéid.

Theastaigh ó Áine féin fanacht ag a scoil reatha mar go raibh sí sona ann agus go raibh an-dul chun cinn déanta aici go háirithe go sóisialta.

Imscrúdú OCO ar an ngearán

Rinneamar imscrúdú ar an ngearán trí fhreagra a lorg ón Roinn Oideachais agus Scileanna i ndáil leis an gcás lena n-áirítear an réasúnaíocht leis an gcinneadh agus fiosrú faoin achomharc a rinneadh ar an deontas, i bhfianaise go raibh aistriú an teaghlach teach cheana.

Toradh

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna athbhreithniú ar an gcás agus chinn an Roinn go raibh Áine incháilithe don iompar scoile mar a bhreithníodh ar an gcéad dul síos faoi théarmaí na Scéime Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus faoi théarmaí na scéime sin bhí sí incháilithe don iompar scoile.

Ach, chinn an Roinn, sa mhéid go raibh Áine ag freastal ar iar-bhunscoil gur chóir go mbeadh na critéir a úsáidfí chun incháilitheacht don iompar scoile a mheas ag teacht leis na critéir chun incháilitheacht a mheas faoi Scéim Iompair Iar-bhunscoile na Roinne. Faoi théarmaí na scéime sin, bheadh leanbh incháilithe don iompar scoile sa chás gur shásaigh siad an critéir a bhain le hachar go dtí an scoil agus go mbeidís ag freastal ar an ionad is cóngaraí. Féadfaidh ionad cúpla iar-bhunscoil a chuimsiú.

Mar sin, bhí scoil Áine incháilithe agus sa mhéid nach raibh aon seirbhís oiriúnach taistil ann, rinneadh Deontas Iompair Speisialta a thairiscint dá tuismitheoirí chun an costas a sheasamh a bheadh ar a socrúithe príobháideacha taistil.

Dúirt an Roinn leis an OOC freisin go mbeidh feidhm ag na critéir incháilitheachta seo i leith cásanna leanaí eile ar cásanna iad atá cosúil le cás Áine.

**Athraíodh ainm an linbh i gceist ar mhaithe le rúndacht*

3.5.1 Gearáin faoi bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna

In 2015 bhain 29% de gach gearán a rinneadh leis an Oifig seo le scoileanna.

Saincheist choitianta a mbímid ag déileáil leis ná tuismitheoirí ag dul i dteagmháil linn nach dtuigeann cá dtiocaidh siad ar chúnamh nó fiú cá ndéanfaidh siad fiosrúchan má tá gearán acu faoi scoil, mar nach bhfuil aon eolas ar fáil dóibh faoin bpróiseas gearáin. Bíonn tuismitheoirí eile ann a rinne gearán ach nach bhfuair aon fhreagra agus is minic a bhíonn moil fhada ann ó scoileanna ag freagairt a ngearáin. Ní cleachtais mhaithe riaracháin ceachtar de na cleachtais sin.

I gcásanna eile, bíonn an Oifig i dteagmháil ar bhonn gníomhach le scoileanna agus gearánaithe chun dul i ngleic le saincheisteanna lena n-áirítear bualadh go díreach le tuismitheoirí agus baill den Bhord Bainistíochta, eolas tábhachtach a lorg i scríbhinn agus ar deireadh thiar idirbheartaíocht agus tionchar a imirt ar na páirtithe iomchuí chun teacht ar réiteach.

I bhformhór na gcásanna éiríonn lenár nOifig tionchar a imirt ar réitigh áitiúla idir an gearánach agus an scoil. Mar shampla de seo tá an ról againn sna cásanna indibhidiúla an dá pháirtí a chur san áireamh agus aontú ar eadráin, agus i roinnt cásanna na leanaí a chur ar ais i socrúchán lánaimseartha scoile.

San fhadtéarma, is minic a bhíonn tionchar an-dearfach tar éis dúinn páirt a ghlacadh sa scéal. Sna cásanna sin, rinne a lán Bord Bainistíochta agus Príomhoidí Scoile glacadh lenár moladh agus cuireadh i bhfeidhm an moladh sin maidir le feabhsúcháin a rinne ár n-oifig.

I measc na samplaí áirítear scoileanna ag athbhreithniú agus ag feabhsú beartais bhulaíochta tar éis gearán a fháil, feabhas a chur ar choinneáil taifead, tosú ag plé go díreach le teaghlaigh ag céim luath agus trédharcacht níos fearr a sholáthar maidir le bainistiú gearán trí chomhroinnt eolais le tuismitheoirí faoi conas gearán a dhéanamh. Sna cásanna sin ní hé an leanbh indibhidiúil agus na tuismitheoirí a bhain sochar as an bpróiseas rannpháirtíochta ónár nOifig ach bhain pobal iomlán na scoile leas as lena n-áirítear iadsan a bheidh ag freastal ar an scoil amach anseo. Tá na hathruithe córasacha seo riachtanach chun feabhsúcháin a spreagadh ar mhaithe le leas is fearr an linbh ar scoil.

Sampla de ghearán faoi scoil

Achoimre ar ghearán

Bhí Séamus* ar thuras scoile tráth ar ghlac leanbh eile grianghraf de agus roinn é ar Aip meán sóisialta agus bhí ráiteas maslach ag gabháil leis an ngrianghraf sin. Cé gur bhainistigh an scoil ar tharla ag an uair, rinne tuismitheoirí Shéamus gearán linne nach raibh an scoil tar éis míniú a dhóthain a thabhairt dóibh faoi cén fáth nár cuireadh iad ar an eolas láithreach faoinar tharla.

Imscrúdú OCO ar an ngearán

Rinneamar imscrúdú ar an ngearán trí fhreagra a lorg ó phríomhoide na scoile faoin mhoill, ón mbord bainistíochta faoi bheartais a bhí ar fáil ag an uair chun an cleachtas a threorú faoi úsáid fóin phóca agus cibé acu an raibh aon rud a d'fhéadfadh an bord bainistíochta a fhoghlaim chun déileáil lena leithéid amach anseo. Dar linn, bhí an scoil tar éis réasúnaíocht a sholáthar agus leithscéal a ghabháil le tuismitheoirí Shéamus gan mhoill. Cé gur chinneamar nach ndearna an scoil drochriarachán sa chás seo mheasamar go raibh ceachtanna le foghlaim chun nach dtarlódh a leithéid arís.

Toradh

- Leasaigh an bord bainistíochta a mbeartas maidir le fóin phóca agus d'aontaigh siad athbhreithniú a dhéanamh air gach bliain.
- D'eagraigh an scoil, i gcomhar le Comhairle na dTuismitheoirí léacht oscailte do thuismitheoirí maidir le sábháilteacht ar an idirlíon.
- Síníonn gach tuismitheoirí comhaontú ag admháil nach bhfuil cead fóin phóca agus ceamaraí digiteacha a úsáid ar thurais scoile.
- Thug an bord bainistíochta isteach nósanna imeachta nua do mhúinteoirí atá i bhfeighil turas scoile maidir le bainistiú tarluithe dá leithéid.
- *Athraíodh ainm an linbh i gceist ar mhaithe le rúndacht

**Athraíodh ainm an linbh i gceist ar mhaithe le rúndacht*

3.6 Tacaíocht Teaghlaigh, Cúram agus Cosaint

Baineann 25% de gach gearán a fhaighimid le Tacaíocht Teaghlaigh, Cúram agus Cosaint. Cuimsíonn sé seo gach réimse faoi shainchúram na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige

Tacaíocht teaghlaigh, cúram agus cosaint in 2015 (25% de gach gearán a fuarthas)

Tábla 6: Fochatagóirí na ngearán faoin thacaíocht teaghlaigh agus cosaint leanaí

Seo a leanas na fochatagóirí is mó de ghearáin faoi thacaíocht teaghlaigh, cúram agus cosaint:

Láimhseáil cúiseanna imní agus seirbhísí cosanta leanaí

Cúram malartach

Tacaíocht Teaghlaigh

Seirbhísí Eile Oibre Sóisialta

Cúram Leanaí, réamhscoil agus an Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE)

Baineann formhór na ngearán faoi thacaíocht teaghlaigh, cúram agus cosaint le TUSLA – an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Bhain na gearáin go príomha le bainistiú na gcúiseanna imní faoi chosaint leanaí lena n-áirítear eolas easnamhach, easpa trédhearcachta faoi chinnteoireacht agus cur i bhfeidhm Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí agus beartas náisiúnta chun leanaí a chosaint agus chun a leas a chur chun cinn.

Bhí a lán cúiseanna imní ann freisin faoi leanaí i gcúram go háirithe i ndáil le pleanáil don toadh agus infhaighteacht raon socrúcháin chun freastal ar a riachtanais. Bhí raon leathan gearán ann, mar shampla déagóirí i gcúram nár bhrath gur cuireadh a dtuairimí san áireamh tráth a raibh cinntí á ndéanamh fúthu agus seirbhísí neamhleora, easpa idirchaidrimh chúil idir gníomhaireachtaí agus easpa freagraí ar ghearáin. Is téamaí comónta iad seo sna gearáin faoi TUSLA, an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlaigh.

Bhí an-mhoill ann freisin ó TUSLA, an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlaigh, muid a fhreagairt. Seo ceist a d'ardaíomar leis an ngníomhaireacht agus a bhfuil sé i gceist againn dlúthmhonatóireacht a dhéanamh air mar nach bhfuil sé cóir cothrom ar leanaí agus daoine eile a thagann chugainn lena ngearán. Cé g bhfuil an Oifig seo mar rogha dheiridh le haghaidh tuismitheoirí agus leanaí a bhfuil gearán acu, tá sé de dhualgas orainn toradh a sholáthar chomh gasta agus is féidir linn é mar go raibh moill ar fhreagra ón gcomhlacht poiblí a ndearnadh gearán faoi, agus ní féidir glacadh leis sin ar chor ar bith. Breithneoidimid ár roghanna, lena n-áirítear trí mheán na reachtaíochta, chun a chinntiú go mbeidh agá freagartha níos gasta ann ó chomhlachtaí poiblí in 2016.

Sampla de ghearán faoi TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Achoimre ar an ngearán

Bhí Jack* ina dhéagóir nuair a cuireadh é faoi chúram Tusla agus cuireadh é i gcóiríocht éigeandála mar nach raibh aon socrúchán eile ar fáil dó. Cuireadh in iúl dó, toisc a aoise agus é ag iontráil an chórais faoi chúram, nach gcuirfí aon seirbhísí iarchúraim ar fáil dó go dtí go mbeadh sé 18 mbliana d'aois.

Dúirt Jack linn mar thoradh ar a bheith gan dídean agus sna seirbhísí do dhaoine gan dídean, nach raibh aon áit aige le dul i rith an lae.

Bhí sé míshona nach scaoilfí isteach é chuig a leaba ag an amanna áirithe agus mar thoradh air sin bheartaigh sé oíche a chaitheamh ag spaisteoireacht ar fud lár na cathrach seachas fanacht sa chóiríocht éigeandála.

Imscrúdú OCO ar an ngearán

Ina bhfreagra ar ár réamhimscrúdú dúirt Tusla linn go rabhthas tar éis socrúchán sealadach cónaitheach a fháil ach go raibh moill ann Jack a aistriú chuig an socrúchán sin mar go raibh cúiseanna imní ann faoina iompar le daoine óga ag an ionad. Ba thrua, dar leo, nach rabhthas tar éis socrúchán eile a aimsiú níos gasta agus aithníodh na 'srianta' a bhí ar Tusla ó thaobh socrúcháin éigeandála cóiríochta.

Luaigh Tusla freisin, dar leo, go raibh obair fhairsing agus tacaíocht mhór tairgthe don duine óg seo, ach nár ghlac sé leis sin i gcónaí.

Toradh

Le linn ár réamhscrúduithe ar an ngearán, aimsíodh socrúchán oiriúnach agus aistríodh an duine óg ina dhiaidh sin amach as an gcóiríocht éigeandála.

Mhínigh an roinn oibre sóisialta nach raibh an duine óg incháilithe do Sheirbhísí Iarchúraim Tusla de réir Bheartas Fágála agus Iarchúraim TUSLA mar go mbeadh ar an duine óg a bheith faoi chúram le haghaidh 12 mhí as a chéile roimh a mbreithlá 18 mbliana d'aois. Cibé scéal é, d'fhéach an roinn oibre sóisialta leis an gcritéar incháilitheachta sin a chur ar leataobh agus tacaí a sholáthar dó mar fhear óg. Tá sé beartaithe ag an Oifig Cúiseanna Imní a ardach faoin gcritéar incháilitheachta seo ar bhonn níos ginearálta i ndáil le saincheistean beartais sa réimse seo.

**Athraíodh ainm an linbh i gceist ar mhaithe le rúndacht*

3.7 Sláinte

Bhain 14% dár ngearáin le hearnáil na sláinte agus áiríonn sé sin ospidéal agus cúram príomhúil Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte do leanaí lena n-áirítear meabhairshláinte.

D'ardaigh líon na ngearán a rinneadh leis an oifig seo faoi eárnáil na sláinte ó 11% in 2014 go dtí 14% in 2015. Bhain formhór na ngearán sin le seirbhísí cúraim phríomhúil. D'inis tuismitheoirí dúinn go raibh easpa eolais ann faoi cá mbeadh na seirbhísí sin agus conas teacht orthu dá leanaí agus faoin tionchar a bhí aige sin ar fholláine agus sláinte a leanaí.

Fuaireamar gearáin faoi liostaí feithimh agus gnásanna ospidéil chomh maith le seirbhísí cúraim phríomhúil amhail meabhairshláinte, urlabhra agus teiripe urlabhra agus síceolaíocht. Labhair tuismitheoirí eile linn faoi na dúshlán a bhaineann lena mbealach a dhéanamh timpeall na hearnála sin chun teacht ar sheirbhísí do leanaí, go háirithe leanaí faoi mhíchumas.

Na fochatagóirí gearán is mó in eárnáil na sláinte:

Seirbhísí cúraim phríomhúil

Ospidéal

Seirbhísí meabhairshláinte

Sampla de Ghearán faoi na Seirbhísí Sláinte

Bhí Emily* ina déagóir ag fanacht le cóireáil d'ionfhabhtuithe athfhillteacha cluaise agus scornaí in ospidéal áitiúil. D'éirigh a riocht níos ainsealaí agus níos tromchúisí mar gheall ar easpa cóireála agus cuireadh isteach go mór ar a cumas éisteachta. Chomh maith leis sin, bhí fadhbanna boilg aici toisc iomarca antaibheathach a úsáid chun cóireáil a chur ar ionfhabhtuithe leanúnacha cluaise agus scornaí.

Bhí spriocanna náisiúnta socraithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (NTPF) a shonraigh nach mbeadh aon othar nua ag fanacht níos mó ná bliain chun coinne cúraim lae a fháil le Lia Comhairleach. Ag tráth ghearán Emily bhí sí ag fanacht bhreis is dhá bhliain

Ar deireadh thiar thall fuair Emily cóireáil dhá bhliain agus 11 mhí tar éis a hatreorú tosaigh naoi mí tar éis di a coinne tosaigh a fháil leis an Lia Comhairleach agus cúig mhí tar éis don Lia Comhairleach measúnú a dhéanamh uirthi. Cuireadh osclán silte sa dá chluas agus baineadh na céislíní agus tháinig feabhas ar a héisteacht tar éis na hobráide.

Gníomhartha OCO

Rinne OCO imscrúdú ar chás Emily sa mhéid go raibh tionchar neamhfhabhrach ag gníomh de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte uirthi. Baineann na gníomhartha seo go sonrach le heaspa pleanála a tharla i ndáil le spriocanna a shroicheadh ar na liostaí feithimh náisiúnta agus easpa bealaí a bheith ann dá chúram tar éis don Lia Comhairleach measúnú a dhéanamh uirthi. Is ar an gcúis sin ar cuireadh moil leis an gcóireáil. Mar thoradh ar na gníomhartha seo cuireadh leis na tréimsí feithimh don mheasúnú, ach go háirithe.

De bhreis air sin, chinneamar go raibh tionchar neamhfhabhrach ag ar tharla ar Emily mar nár cuireadh dóthain eolais ar fáil dá máthair i ndáil leis an Tionscnamh Trasteorann¹ (CBD) agus ar an gcaoi sin diúltaíodh an deis do thuismitheoirí Emily a bheith go hiomlán ar an eolas faoin gcóireáil a d'fhéadfaidís a fháil dá n-iníon thar lear.

Toradh

Chuir an t-ospidéal i gceist in iúl go raibh sé ag obair go dlúth leis an nGrúpa Ospidéal agus de réir ghnásanna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar leibhéal náisiúnta san fhorbairt leanúnach ar phleananna agus gnásanna chun dul i ngleic le hacmhainneacht agus sárúithe liostaí feithimh. Faoi láthair táthar ag laghdú na liostaí feithimh trí sheachfhoinisí a dhéanamh agus trí sheisiúin bhreise obrádlainne a sholáthar agus tá pleananna á bhforbairt freisin chun acmhainneacht bhreise obrádlainne agus cúraim lae a sholáthar.

¹ Féan Tionscnamh Trasteorann féadfaidh othair atá ag cónaí in Éirinn de ghnáth agus ag úsáid seirbhísí sláinte poiblí ansin a bheith atreoraithe chuig seirbhís cúraim sláinte agus leas a bhaint as an tseirbhís eile sin, ar seirbhís í atá maoinithe go poiblí in Éirinn i mballstát eile AE/LAE.

Chuir an t-ospidéal in iúl tráth a mbeadh aon tionscnaimh maidir le liostaí feithimh á bpleanáil agus á soláthar aige, nach mbeadh aon othar faoi mhíbhuntáiste dá bharr.

Chuir an t-ospidéal in iúl freisin nach bhfuil gnáthfhógra á thabhairt faoi CBD san ospidéal ach go gcuirfidh bainisteoir an ospidéil moladh OCO go foirmiúil ina leith faoi bhráid an Ghrúpa Ospidéal lena n-aird a dhíriú air ionas go mbeidh siad in ann feidhmiú dá réir.

Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl go bhfuil straitéisí á bhforbairt aige chun bainistiú a dhéanamh ar liostaí feithimh, go bhfuil clár seachfhoinsithe ar bun aige do chúram sceidealaithe othair. Áiríonn sé seo diagnóisic agus cóireáil agus athbhreithniú ar phacáiste iomlán cúraim. Tá sé seo deartha sa chaoi is go dtacófar le hospidéal phoiblí dul i ngleic le liostaí feithimh fadtéarmacha agus freastal ar spriocanna agaí feithimh náisiúnta. Chuir siad in iúl don Oifig seo freisin faoin socrú reatha le NTPF, go gcuirtear pacáiste iomlán cúraim ar fáil i ndáil le gach othar a atreoraítear chuig ospidéal príobháideach do choinne cúraim lae.

Chomh maith leis sin, chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl go dtacaíonn an eagraíocht go hiomlán lena chinntiú go gcuirtear othair agus a dteaghlaigh go hiomlán ar an eolas faoi na roghanna atá ar fáil dóibh ar thionscnaimh trasteorann go n-ardóidh Stiúrtha Náisiúnta na nOspidéal Géarchúraim feasacht i leith a thábhachtaí is atá cur chun cinn agus margaíocht a dhéanamh ar CBD laistigh de gach grúpa ospidéal. Scaiptear moltaí ó thuarascáil OCO ar na páirtithe leasmhara cuí.

**Athraíodh ainm an linbh i gceist ar mhaithe le rúndacht*

3.8. Ceartas agus Coinneáil Ógánach

Thug an tOmbudsman do Leanaí cuairt ar Champas Coinneála Bhaile an Oibricigh agus ar Príosún Pháirc na Cruithneachta le linn 2015. Chomh maith leis sin, bhí an tOmbudsman i dteagmháil le Stiúrthóir an champais agus leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoin ionad seo.

Tá an Oifig fós buartha go bhfuil moill fós ar an gcampas seo a chríochnú agus nach bhfuil sé go hiomlán feidhmiúil go fóill agus tá tionchar aige sin ar dhaoine óga atá fós á gcoinneáil i saoráidí do dhaoine fásta i bPríosún Pháirc na Cruithneachta agus bhí líon beag daoine óga á gcoinneáil i bhForas Naomh Pádraig le linn 2015. Tá an Oifig ar thóir réitigh ar an scéal seo ar bhonn leanúnach.

Sampla de ghearán faoi Champas Coinneála Bhaile an Oibricigh

An Gearán

Tháinig an gearán anaithnid seo mar gheall ar James* a bhí ina chónaí i mBaile an Oibricigh. D'ardaigh an gearánach roinnt cúiseanna imní tromchúiseacha maidir le James, mar shampla iompraíocht fhéindíobhálach agus mhaígh an gearánach nach raibh tacaíocht shíciatrach ná maoirseacht a ndóthain le fáil dó. Chomh maith leis sin, rinne an gearánach líomhain i gcoinne na foirne ag maíomh nach raibh oiliúint a ndóthain orthu agus tacaíocht a ndóthain á fháil acu chun déileáil le riachtanais mheabhairshláinte agus tarluithe d'fhéindíobháil i measc daoine óga ar an gcampas.

Imscrúdú OCO

Rinne OCO réamhscrúdú ar an ngearán agus lorg sonraí ó Bhaile an Oibricigh i ndáil leis an measúnú ar mheabhairshláinte James agus na bearta a bhí á gcur i bhfeidhm chun freastal ar a riachtanais mheabhairshláinte. Chas OCO freisin le James agus leis an bhfoireann agus lorg a dtuairimí uathu ar an gceist.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas tháinig sé chun solais go raibh measúnú déanta ag síciatraí i mBaile an Oibricigh agus ar leithligh chomh maith in ospidéal tar éis é a thógáil isteach sa rannóg Éigeandála agus Timpistí. Ag an uair, cinneadh cé go raibh deacrachtaí iompraíochta aige ní raibh riocht shíciatrach air. Mhol na síciatraithe i gceist go gcuirfí Cóireáil Theiripeach air trí Sheirbhís Teiripe Comhairliúcháin Measúnachta Bhaile an Oibricigh agus go ndéanfaí tuilleadh maoirseachta air.

Tráth a ndearnadh imscrúdú OCO bhí an idirghabháil theiripeach arna moladh sna measúnuithe seo á gcur ar fáil ag foireann ACTS i mBaile an Oibricigh. Bhíothas ag dul i ngleic le tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann trí ionchuir a sholáthar ó fhoireann ACTS agus trí chomhairleoireacht don fhoireann.

Cibé scéal é, le linn an réamhscrúdaithe, tháinig sé chun solais don OCO nach raibh aon taifid ann ón ospidéal ina thaifid leighis i mBaile an Oibricigh.

Dar le OCO tá sé den riachtanas taifid iomlána chun dáta a choinneáil ar mhaithe le cóireáil leanúnach agus cúram daoine óga atá ag cónaí i mBaile an Oibricigh agus is cleachtas maith riaracháin é freisin. D'iarr an Oifig ar Bhaile an Oibricigh tuarascálacha leighis an fhir óig seo a lorg ón ospidéal agus a chinntiú go gcuirfí iad lena chomhaid. De bhreis air sin, d'iarr an Oifig ar Bhaile an Oibricigh a chinntiú go gcoinneofaí tuarascálacha i ndáil le gach tarlú de chúram leighis a fuarthas i suíomhanna seachtracha agus duine óg faoi chúram ansin de réir Acht na Leanáí 2001.

Toradh

Lorg Baile an Oibricigh tuarascálacha leighis an fhir óig seo ón ospidéal. Anuas air sin, thug Baile an Oibricigh isteach cleachtas oibriúcháin caighdeánach mar a ndéanadh bainisteoir na n-altraí cliniúla comhaid chuí leighis a lorg ó shuíomhanna seachtracha chun a chinntiú go mbeadh an t-eolas cuí ar fáil agus á choinneáil ar taifead faoi na daoine óga faoina chúram. **Athraíodh ainm an linbh i gceist ar mhaithe le rúndacht*

3.9. An eanáil tithíochta

Is ar eanáil na tithíochta a bhí 3% de ghearáin na bliana dírithe. Táimid ag ceapadh go bhfásfaidh an líon seo mar thoradh ar an líon níos airde de leanaí agus a dteaghlaigh gan dídean go háirithe i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Sampla de Ghearán faoi Chomhairle Contae

Fuair OCO gearán faoi mháthair thar ceann a leanaí. Míníodh don Oifig gur cuireadh iallach ar an teaghlach a mbaile a fhágáil mar gheall ar iompar tromchúiseach frithshóisialta, mar ar ionsaíodh an mháthair agus chonaic na leanaí é seo ag tarlú.

Ina dhiaidh seo chuir an Chomhairle lóistín ar fáil don teaghlach i dteach ósta agus tugadh tús áite dóibh faoin Scéim um Fhorais Eisceachtúla Shóisialta. Le linn na tréimhse briseadh isteach i dteach an teaghlaigh, rinneadh damáiste don teach agus cailleadh formhór mhaoin an teaghlaigh mar gheall ar loitiméireacht agus gadaíocht. Tar éis ceithre mhí a chaitheamh sa teach ósta chuir an Chomhairle in iúl don teaghlach go raibh an teach athchóirithe acu dóibh agus go mbeifí ag súil go mbogfaidís ar ais isteach sa teach. Bhí an teaghlach den tuairim nach bhféadfaidís é seo a dhéanamh mar go mbeadh baol leanúnach ann ó na bagairtí a bhí á ndéanamh orthu sa cheantar. Thuig siad go mbeadh gá le litir ón Garda Síochána chun stop a chur leis an gComhairle iallach a chur orthu bogadh ar ais sa teach agus bheadh gá ag an litir sin a chur in iúl go raibh beatha an teaghlaigh i mbaol. Cé gur cuireadh litir ar fáil ó na Gardaí níor sonraíodh sa litir sin go raibh beatha an teaghlaigh i mbaol. Rinne an mháthair iarracht achomharc a dhéanamh ar chinneadh na Comhairle ach luaigh sí nach raibh sé soiléir cad a mheas an Chomhairle ba chóir dóibh a dhéanamh. Chuir sí in iúl a frustrachas leis an gComhairle le linn na tréimhse seo.

Chomh maith leis sin, bhí an teaghlach den tuairim go raibh tionchar neamhfhabhrach ag an seal sa teach ósta ar an teaghlach, lena n-áirítear freastal na leanaí ar scoil agus a ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, mar nach bhféadfaidís tabhairt fúthu a thuilleadh. Anuas air sin, luadh go raibh orthu madra na leanaí a thabhairt uathu. Agus í ag gearán leis an OCO d'iarr an mháthair go ndéanfaí iarracht moil a chur leis an aistriú ar ais chuig áras an teaghlaigh agus go lorgófaí réiteach fadtéarmacha tithíochta.

Toradh

Tar éis don OCO réamhscrúdú a dhéanamh d'aontaigh an Chomhairle ar an gcéad dul síos moil a chur leis an aistriú ar ais chuig an teach áit a raibh an teaghlach faoi lé iompraíocht fhrithshóisialta. Ina dhiaidh sin, d'fhaomh an Chomhairle áitreabh don teaghlach agus chuir na heochracha ar fáil dóibh. Bhí an teaghlach thar a bheith sásta leis an toradh agus bhrath siad slán sábháilte sa cheantar nua.




'A Word from the Wise': Emma (17) "someone who didn't know me made a decision that turned my life upside down"
soundcloud.com/combined-media ...

RETWEET 1 LIKES 3

3:22 AM - 22 May 2015



The purpose of 'A Word from the Wise' is to have childrens voices heard, loud and clear:
oco.ie/wp-content/upl ...



RETWEET 1 LIKE 1

1:22 AM - 22 May 2015



Ombudsman for Children welcomes the abolition of Defence for Reasonable Chastisement.


oco.ie/2015/10/welcom ...

RETWEETS 4 LIKE 1

9:09 PM - 21 Oct 2015



Homeless children sleeping in hotels 'is no longer acceptable' [@herald_ie](http://herald.ie/news/homeless-via) #childrensrights



RETWEETS 7 LIKES 2

11:40 PM - 23 May 2015

OCO @OCO_ireland - 12 Oct 2015

Ombudsman for Children delighted to launch Web Safety Survey results @DonegalYouthSvc in Letterkenny this morning.



RETWEETS 0 LIKES 5



."@OCO_ireland will focus on ensuring that "children are at the forefront of decision-making, and not an afterthought" @noelbaker1

RETWEETS 2 LIKES 2

11:58 PM - 13 Feb 2015

RANNÓG 4

**CEARTA
AGUS LEAS
LEANAÍ A CHUR
CHUN CINN**

4.1. Feidhm Reachtúil Chun Cearta agus Leas Leanaí a Chur Chun Cinn

Anuas ar an ról láimhseála gearán, tá ról comhlántach eile ag Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) is é sin cearta agus leas leanaí a chur chun cinn. Faoin bhfeidhm reachtúil seo tá dualgais dhearfacha ar an Ombudsman do Leanaí:

- comhairle a chur ar aon Aire Rialtais maidir le forbairt agus comhordú beartais a bhaineann le leanaí (7(1)(a));
- tathant ar chomhlachtaí poiblí, scoileanna agus ospidéal dheonacha beartais, cleachtais agus gnáthaimh a fhorbairt a chuireann chun cinn cearta agus leas leanaí (7(1)(b));
- eolas a bhailiú agus a scaipeadh ar chúrsaí a bhaineann le cearta agus leas leanaí (7(1)(c));
- feasacht a spreagadh i measc an phobail (lena n-áirítear leanaí) faoi chúrsaí (lena n-áirítear prionsabail agus forálacha Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh) maidir le cearta agus leas leanaí agus conas is féidir na cearta sin a fhorfheidhmiú (7(1)(d));
- aird a tharraingt ar shaincheistanna a bhaineann le cearta agus leas leanaí ar cúis le leanaí féin iad (7(1)(e));
- eolas a mhalartú agus comhoibriú leis an Ombudsman do Leanaí (cibé ainm atá air nó uirthi) i stáit eile (7(1)(f));
- monatóireacht agus athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar an gcomhoibriú faoi fheidhmiú reachtaíochta a bhaineann le cearta agus leas leanaí (7(1)(g));
- monatóireacht agus athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta seo agus, cibé tráth a mheasfaidh sé nó sí a bhfuil gá leis, moltaí a dhéanamh leis an Air nó i dtuarascáil faoi alt 13(7) nó an dá rud maidir le leasú an Achta seo (7(1)(h));
- dul i gcomhairle le leanaí agus aird cheart a thabhairt ar a dtuairimí de réir a n-aoiseanna agus a dtuisceana (7(2)(a) agus (7(2)(b));
- comhairle a sholáthar d'aon Aire Rialtais ar aon chúrsaí (lena n-áirítear an tionchar dóchúil a bheadh ag cur i bhfeidhm aon tograí le haghaidh reachtaíochta) a bhaineann le cearta agus leas leanaí (7(4)).

De bhreis air sin, forálann Alt 7(3) d'Acht 2002 go bhféadfadh an t Ombudsman do Leanaí tabhairt faoi thaighde, agus an taighde sin a chur chun cinn nó a fhoilsiú ar aon cheist a bhaineann le cearta agus leas leanaí.

Mar thoradh ar sholáthar foirne agus an t-easnamh foirne a d'éascair as sin le linn 2015 cuireadh srian ar chumas na hOifige dualgais a chur i bhfeidhm faoi Alt 7 d'Acht 2002 a mhéid agus a bheimis in ann a dhéanamh murach na cúinsí sin. D'ainneoin na ndúshlán, bhí 2015 ina bliain táirgiúil ó thaobh obair OCO chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn. Áiríodh i measc ghníomhaíochtaí na hOifige maidir leis sin:

- obair go díreach le breis is 850 leanbh agus duine óg agus le 130 mac léinn iarchéime trínár gclár feasachta agus oideachais maidir le cearta;
- cur i gcrích an chéad chéim den ardán It's Your Right de chuid na hOifige mar mhol eolais faoi chearta a bhféadfadh leanaí agus daoine óga leas a bhaint as;
- aighneachtaí a chur faoi bhráid an Rialtais agus an Oireachtais maidir le tograí do cheithre phíosa reachtaíochta a mbeidh tionchar acu ar leanaí chomh maith le haighneacht a chur faoi bhráid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le tograí faoi leasú a dhéanamh ar shocruithe caomhnóir ad litem; agus
- páirt a ghlacadh i sásraí monatóireachta idirnáisiúnta, go háirithe le Coiste na NA um Chearta an Linbh i gcomhthéacs a athbhreithnithe ar dhul chun cinn na hÉireann maidir lena dualgais faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh agus le próiseas Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilíoch Chomhairle na NA um Chearta an Duine.

Tá tuilleadh eolais faoi obair OCO chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn le linn 2015 ar fáil thíos.

4.2. An Clár Feasachta agus Oideachais maidir le Cearta

Ceardlanna san Oideachas faoi Chearta le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga


Le linn 2015, reáchtáladh ceardlanna oideachais ar bhonn rialta faoi chearta leanaí do ghrúpaí leanaí agus daoine óga a thug cuairt ar an Oifig. Croshnáithe den chlár feasachta agus oideachais de chuid OCO maidir le cearta, is ea na ceardlanna seo agus is deis luachmhar iad don Oifig teagmháil dhíreach a bheith aici le leanaí agus daoine óga ar bhonn leanúnach – leanaí agus daoine óga ar aoiseanna éagsúla ó gach cearn den tír agus a thagann ó chúinsí ilchineálacha.

Ceaptar na ceardlanna chun tacú leis a bplé idir OCO agus leanaí. Cé go n-athraíonn fócas an phlé sin, bíonn sé i gcónaí dírithe ar dhá phríomhaidhm: feasacht leanaí agus daoine óga a spreagadh maidir le cearta agus leas leanaí agus tuairimí leanaí agus daoine óga a chloisteáil faoi chearta leanaí, ar théamaí is spéis leo féin.

Thug breis is 850 leanbh agus duine óg ó scoileanna agus seirbhísí óige as 14 chontae cuairt ar an OCO in 2015 chun foghlaim faoi chearta leanaí agus chun iniúchadh a dhéanamh ar conas a thagann cearta leanaí chun cinn sna ghnáthshaol laethúil. Chomh maith leis sin, bhí an deis acu a dtuairimí féin a phlé agus a chur in iúl ar cén fáth, dar leo, a raibh cearta áirithe leanaí tábhachtach. Tá rogha de na tuairimí sin sonraithe thall.

CÉN FÁTH A BHFUIL CEARTA LEANAÍ TÁBHACHTACH?

ROINNT TUAIRIMÍ Ó LEANAÍ & DAOINE ÓGA



Le linn na bliana, reáchtáil an Oifig roinnt ceardlann chomhchosúil ar bhonn for-rochtana do dhaoine óga agus gairmithe a bhíonn ag obair i seirbhísí leanaí agus daoine óga sna háiteanna seo: An Cabhán, Leitir Ceanainn, Droichead Átha agus Port Láirge.

It's Your Right (www.itsyourright.ie)

Tionscnaíodh an tionscnamh seo i gcomhthéacs chomóradh 10 mbliana na hOifige n 2014. Is éard atá i It's Your Right ardán ar líne, le cur chuige trasmhéin, chun feasacht a spreagadh faoi chearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga in Éirinn agus an aidhm atá leis cur le hobair dhíreach OCO le leanaí agus daoine óga i gcomhthéacs an chlár feasachta agus oideachais maidir le cearta.

Le linn 2015, chuir an Oifig i gcrích a céad chéim d'fhorbairt phleanáilte It's Your Right mar mhol ar líne ina gcuirfí eolas éasca le húsáid ar fáil do leanaí maidir le cearta leanaí, ag díriú go háirithe ar chearta leanaí in Éirinn.

Críochnaíodh an obair i ndáil leis seo agus d'áirigh sé sin athchumrú ar shuíomh gréasáin It's Your Right,

Chun go mbeadh sé níos éasca do chuirteoirí rochtain a fháil ar eolas ar an suíomh faoi chearta ar leith atá ag leanaí agus daoine óga faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh go díreach ón leathanach baile. Chomh maith leis sin, chruthaigh an Oifig rannóga nua inneachair ar an suíomh agus chuir eolas ar fáil maidir le gach ceart a leagtar béim air. Baineann na trí cinn de na fo-rannóga seo, faoi seach, le heolas fíriciúil a sholáthar maidir le cearta sonracha leanaí ('Do you know?'); ag leagan béim ar dhearcthaí leanaí agus daoine óga ar chearta áirithe ('What children and young people are saying'); agus a thugann sonraí faoi cén áit ar féidir le leanaí agus daoine óga tuilleadh a fháil amach faoi chearta sonracha atá ag leanaí ('Find out more').

Mar chud den chéim seo d'fhorbairt an tsuímh chuir OCO dhá fhíseán ghearra leis an suíomh. Tar éis cheapadh Niall Muldoon mar Ombudsman do Leanaí in 2015, is é aidhm an chéad fhíseáin feasacht a spreagadh i measc leanaí agus daoine óga faoi cé hé an tOmbudsman do Leanaí nua in Éirinn. Díríonn an dara físeán ar dhearcthaí leanaí agus daoine óga faoin gceart atá acu labhairt ina dteanga féin agus an méid a chaillaíonn sé sin dóibh.

Seimineáir do Mhic Léinn Iarchéime

De réir na ndualgas reachtúil faoi Alt 7 d'Acht 2002, d'fhorbair agus reáchtáil an Oifig sraith seimineáir oideachais do mhic léinn iarchéime in 2015.

Reáchtáladh an snáithe seo de chlár feasachta agus oideachais OCO maidir le cearta ar bhonn píolótach ar dtús in 2012, agus tar éis aiseolas dearfach a fháil ó na rannpháirtithe, cuireadh é ar fáil do dhream níos leithe mac léinn in 2013 agus 2014.

Le linn 2015, réachtáil an Oifig seacht gcinn de sheimineáir, ar fhreastail breis is 130 mac léinn orthu atá ag gabháil do cháilíochtaí iarchéime san obair shóisialta, san oideachas agus sa chosaint leanaí ag sé cinn d'institiúidí tríú leibhéal (An Coláiste Ollscoile, Corcaigh, OÉ Gaillimh, OÉ Maigh Nuad, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Átha Luain).

Is iad foireann OCO a chuir na seimineáir sin i láthair idir Meán Fómhair agus Nollaig 2015, agus dhírigh siad ar feasacht a spreagadh faoi fheidhmeanna reachtúla na hOifige agus na réimsí comhfhreagracha oibre; tuiscint na rannpháirtithe a fhorbairt faoi chearta leanaí agus ábharthacht cearta leanaí ina gcleachtas gairmiúil féin; agus cleachtas agus cinnteoireacht leanbháirneithe a spreagadh, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar chás-staidéir ag eascairt ó obair iniúchóireachta OCO.

Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe sin, fuarthas aiseolas dearfach ó rannpháirtithe na seimineáir in 2015. Tá sé beartaithe ag OCO sraith chosúil de sheimineáir a réachtáil le linn 2016.

4.3. Comhairle maidir le Forbairtí sa Reachtaíocht agus sa Bheartas Poiblí

Le linn 2015, chuir Oifig an Ombudsman do Leanaí comhairle ar fáil, rinne aighneachtaí agus ghlac páirt sa cheapadh reachtaíochta beartaithe maidir le cionta gnéasacha, ligean isteach i scoil, cosaint idirnáisiúnta, íospartaigh na coireachta, agus faisnéis faoi uchtáil agus rianú uchtála. Rinne an Oifig aighneacht freisin maidir leis na tograí atá ann socruithe don chaomhnóir ad litem a leasú in imeachtaí cúraim faoin Acht um Chúram Leanaí 1991.

Scéim Ghinearálta an Bhille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2014

D'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Scéim Ghinearálta an Bhille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2014 an 27 Samhain 2014. Is é aidhm an Bhille sin Treoir ón AE a chur i bhfeidhm maidir le mí-úsáid ghnéasach agus dúshaothrú leanaí agus pornagrafaíocht linbh chomh maith le cuidiú le hÉirinn daingniú a dhéanamh ar Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Leanaí a Chosaint ar Dhúshaothrú agus Mí-úsáid Ghnéasach. Tá sé beartaithe faoin mBille dlí a leasú, lena n-áirítear smachtbhannaí níos láidre a bhfuil mar aidhm acu leanaí a chosaint ar dhúshaothrú gnéasach, pornagrafaíocht linbh agus mealltóireacht ar líne.

D'ullmhaigh an Oifig comhairle faoin Scéim Ghinearálta mar fhreagra ar iarratas ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le haghaidh breithniúcháin agus ar an gcaoi a fhéachann sé le dul i ngleic le leas leanaí.

Sa chomhairle a sholáthair Oifig an Ombudsman do Leanaí, luaigh an Oifig go dtugann an Scéim Ghinearálta aghaidh ar mhí-úsáid agus dúshaothrú gnéasach leanaí agus go dtugann sí isteach bearta cosanta le haghaidh gearánach a dhéanann gearáin faoi leanaí. D'fháiltigh OCO roimh na forbairtí sin mar chéim shuntasach i dtreo chosaint chearta agus leas leanaí.

Go háirithe ba chúis áthais dúinn é na bearta nua sa Scéim Ghinearálta, a mhol an Oifig seo i gcomhairle a chuir an Oifig ar fáil cheana. Áiríodh i measc na mbeart sin: leasú ar chosaint maidir le haois an ghearánaigh i gcion a bhaineann le truailliú linbh agus cionta comhlántacha a bhaineann le mealltóireacht; tabhairt isteach reachtaíocht chun dul i ngleic le faisnéisú tríú páirt ó theiripe agus taifid chomhairleoireachta; agus cosc ar chroscheistsiú ar fhinné linbh a bheith á dhéanamh ag an té a bhfuil an cion curtha ina leith.

Sa chomhairle a chuir an Oifig ar fáil, luadh nár leasaíodh alt 5 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006, nach gcosnaíonn fós ach leanaí baineanna faoi bhun aois 17 ó bheith ciontaite mar gheall ar bheith páirteach i ngníomh gnéasach collaíochta. Sa chomhairle a chuir OCO ar fáil leagadh béim ar roinnt réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar an reachtaíocht bheartaithe chun go mbeifí ag freastal níos fearr ar leas leanaí agus chun go mbeifí go hiomlán ag comhlíonadh dhualgais na hÉireann maidir le cearta an duine. Áiríodh i measc ár moltaí iad seo a leanas:

- go gcuirfí cosaint ar fáil in aghaidh coiriúlú a dhéanamh ar ghníomhartha gnéis bunaithe ar thoil an dá pháirtí i gcás piaraí, ach ag cinntiú nach gcuirfí bac ar chiontú ciontóirí óga gnéis;
- leasú ar an téarma “pornagrafaíocht linbh” go téarma a léireodh níos beachte tromchúis an ábhair i gceist;
- ionadú ar an téarma “truailliú linbh” le téarma níos oiriúnaí, nach dtugann íomhá neamhfhabhrach dean íospartach;
- cur leis an mbeart cosanta speisialta d’fhinnéithe ar leanaí iad chun a chinntiú go mbeadh comhréireacht ann do leanaí faoi bhun aois 18;
- seirbhísí ullmhúcháin réamhcúirte a sholáthar do leanaí a mbeidh orthu teacht os comhair na cúirte, lena n-áirítear duine atá cáilithe go hiomchuí a cheapadh chun tacú leis an íospartach linbh trí phróiseas na n-imeachtaí dlí; agus
- oiliúint a sholáthar do gach duine atá ag obair le leanaí sa chóras ceartais choiriúil.

An 23 Meán Fómhair 2015, d’fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2015. Tá roinnt gnéithe dearfacha ag baint leis an mBille seo, lena n-áirítear ionadú ar an téarma “truailliú” le “gníomh gnéasach”. Cibé scéal é, tá imní ar OCO nár áiríodh formhór na moltaí a rinneadh sa Bhille. Coinneoidh OCO súil ar próiseas leanúnach reachtúil an Bhille seo.

An Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2015

I mí Aibreáin 2015, d’fhoilsigh an tAire Oideachais agus Scileanna an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2015. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an mBille, scríobh an tOmbudsman do Leanaí chuig an Aire Oideachais agus Scileanna i mí Bealtaine 2015 chun roinnt breithniúcháin a lua faoin dréachtreachtaíocht, ag cur san áireamh comhairle a chuir an Oifig ar fáil faoi Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2013.

D'imigh Bille 2015 i ngleic le roinnt cúiseanna imní a d'ardaigh an Oifig seo inár gcomhairle maidir le Scéim Ghinearálta 2013. Maidir leis sin, cúis áthais é don Oifig go háirithe go ndéanann Bille 2015:

- eisiámh ar fhoráil a bhí sa Scéim Ghinearálta maidir le cumhacht mholta scoileanna diúltú leanbh a ligean isteach i scoil ar bhonn tuairime ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ó An Garda Síochána i ndáil leis an éifeacht a bheadh ag ligean isteach leanbh áirithe ar shábháilteacht daltaí eile;
- inniúlacht coistí achomhairc Alt 29 a choinneáil le go bhféadfaidh siad breithniú a dhéanamh ar achomhairc maidir le rollúchán; agus
- forálacha a áireamh a éilíonn ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, faoi seach, aird a bheith acu ar mhianta an linbh agus leas is fearr an linbh agus iad ag sannadh scoile don leanbh i gceist.

I roinnt réimsí tábhachtacha eile, ní dheachthas i ngleic le roinnt de chúiseanna imní agus moltaí comhfhreagracha na hOifige seo le Bille 2015. I ndáil leis sin, mhol an tOmbudsman do Leanaí go ndéanfaí breithniú eile ar roinnt de na nithe sin, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le maolú beartas i gcásanna ina mbeadh iomarca daoine cláraithe. I measc na bpríomh-mholtaí a rinne an Oifig bhí, ar an gcéad dul síos, nár chóir go ndéanfaí aon fhoráil do mhaolú i ndáil le critéar iarscoláireachta toisc go bhféadfadh idirdhealú éagóracha tarlú go hindíreach dá bharr. Ar an dara dul síos, d'ardaigh an Oifig cúiseanna imní maidir leis an eisceacht a eascraíonn as Alt 7 den Acht um Stádas Comhionann a cheadaíonn go gcaithfí níos fabhraí le leanbh ó thaobh rochtain a fháil ar oideachas ar bhonn a reiligiúin.

Cé go dtuigimid na dúshláin a bhaineann leis na cúrsaí seo, táimid fós den tuairim gur gá teacht ar réiteach ina leith ionas go gcuimseofaí go hiomlán cearta agus dínit leanaí agus dualgais idirnáisiúnta na hÉireann faoi Choinbhinsiú na NA um Chearta an Linbh agus go háirithe: ceart gach linbh nach ndéanfaí idirdhealú éagórach orthu ar aon fhoras (Airteagal 2) agus go mbeadh a leas is fearr ar an bpríomhbhreithniúchán in aon ghníomhartha a bhaineann leo, lena n-áirítear gníomhartha de chuid foras reachtúil agus údarás riaracháin (Airteagal 3).

Scéim Ghinearálta an Bhille um Chosaint Idirnáisiúnta 2015

D'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Bille um Chosaint Idirnáisiúnta ar an 25 Márta 2015. Is í aidhm shonraithe na reachtaíochta beartaithe nós imeachta aonair a thabhairt isteach chun scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta (nó tearmann) in Éirinn, lena gcuimsítear incháilitheacht do stádas teifigh agus incháilitheacht do chosaint choimhdeach. D'áirigh sé sin freisin measúnú a dhéanamh ar aon fhoras eile arna gcur i láthair ag an iarrthóir do chead fanacht sa Stát. Inár n-aighneacht chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus chuig an gCoiste Oireachtais um Chearta, Cosaint agus Comhionannas, ba chúis áthais é don Oifig seo gur foilsíodh an Scéim Ghinearálta agus a chuspóir sonraithe foriomlán chun gnás iarratais aonair a thabhairt isteach d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

Dhírigh aighneacht OCO ar bhéim a leagan ar roinnt réimsí ina bhfuil gá feabhas a chur ar reachtaíocht ar mhaithe le leanaí tionlactha agus neamhthionlactha ionas go mbeadh Éire ag comhlíonadh níos fearr a dualgais idirnáisiúnta maidir le cearta an duine.

I ndáil leis an Scéim Ghinearálta ina hiomláine, mhol an Oifig seo, d'fhonn foráil do chur chuige leanbhlaránithe, ba chóir comhtháthú cearta a dhéanamh ar an bprionsabal caitheamh le leas an linbh ar an n-í is tábhachtaí i ngach gníomh a bhaineann le leanaí agus ar an bprionsabal go n-éistfí le leanaí agus go dtabharfaí aird mar is cuí dá dtuairimí siúd, i ngach rannóg chuí de gach reachtaíocht.

Rinne OCO moltaí freisin do ghairmithe a bhfuil dualgais orthu i leith leanaí tionlactha agus neamhthionlactha agus a dhéanann cinntí maidir leo, lena n-áirítear oiliúint ar conas cur chuige leanbhlaránithe a chur i bhfeidhm ina gcleachtas agus ina gcinnteoireacht.

Maidir le mionaoisigh neamhthionlactha, mhol an Oifig gur chóir don reachtaíocht bheartaithe sainmhíniú atá aitheanta go hidirnáisiúnta a chuimsiú de cad is 'mionaoiseach neamhthionlactha ann' agus gur chóir dó foráil do chaomhnóir neamhspleách a cheapadh, a bheadh ann mar phléadálaí agus a dhéanfadh ionadaíocht thar ceann an linbh tríd an bpróiseas.

I ndáil le mionaoisigh neamhthionlactha, molann OCO gur chóir an Scéim Ghinearálta a leasú le go bhforáilfí do shásra chun go bhféadfadh leanbh tionlactha iarratas a dhéanamh as a stuaim féin, le haird ar chúinsí ar leith an cháis sin agus leas is fearr an linbh i gceist. Mhol an Oifig freisin gur chóir don reachtaíocht bheartaithe foráil do bhreithniúchán ar leithligh an linbh i gcás go raibh an leanbh mar chuid d'iarratas iomlán teaghlaigh agus sna cásanna sin d'fhéadfadh breithniúchán ar leithligh dá leithéid a bheith chun leasa an linbh.

Maidir leis an éiginnteacht a bhaineann le haois, luaigh an Oifig go bhfuil neamhréireachtaí ann sa Scéim Ghinearálta maidir leis an mbonn tuisceana gur leanbh é/i an t-iarrathóir i gcás go bhfuil éiginnteacht ann maidir leis an aois. Mhol OCO gur chóir go mbeadh an reachtaíocht sainráite ó thaobh foráil d'fheidhmiú an bhoinn tuisceana gur leanbh an té atá i gceist sna cásanna ina bhfuil éiginnteacht ann faoin aois, agus go mbeadh na cosaintí comhfhreagracha ag gabháil leis sin do na daoine i gceist de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta. De bhreis air sin, mhol an Oifig, i gcás ina raibh amhras fós ann faoi aois an iarratasóra tar éis scrúdú leighis gur chóir go mbeadh feidhm ag an mbonn tuisceana go bhfuil an t-iarrathóir faoi bhun aois 18.

Inár n-aighneacht, mholamar freisin gur chóir don reachtaíocht bheartaithe a chinntiú go dtugtar an t-aitheantas cuí d'ilchineálacha na gcineálacha teaghlaigh agus gur chóir don Aire tús áite a thabhairt do chásanna, de réir mar is cuí, ag tagairt d'aois agus a stádas mar mhionaoiseach neamhthionlactha. Chomh maith leis sin, mhol OCO i ndáil leis na gnásanna beartaithe maidir le scrúdú leighis a úsáid chun cinneadh ar aois an mhionaoisigh neamhthionlactha; gur chóir méarlorg a thógáil chun a fháil amach an ndearna an té seo iarratas ar thearmann i stát eile san AE; agallaimh phearsanta a úsáid; agus an t-iarrthóir a chur faoi choinneáil.

Ina dhiaidh sin foilsíodh an Bille um Chosaint Idirnáisiúnta ar an 19 Samhain 2015 agus síníodh é sin sa dlí an 30 Nollaig 2015. Cé go raibh roinnt leasuithe dearfacha a rinneadh ar an mBille i ndáil le leanaí, bhí roinnt réimsí ann nár cloíodh le comhairle na hOifige iontu ó thaobh a chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh na bpríomhphrionsabal de Chearta an Linbh. Cé go bhfuil tagairtí teoranta ann san Acht do leas is fearr an linbh mar phríomhbhreithniúchán in ailt shonracha, ní chuireann sé é sin i bhfeidhm i ndáil leis an bpróiseas cinnteoireachta do chinneadh cosanta i gcásanna ina bhfuil sé i gceist leanbh a dhíbirt as an tír. Ba chóir go mbeadh leas is fearr an linbh ina phríomhbhreithniúchán i ngach gné a bhaineann leis an ngnás cosanta.

Ní áirítear san Acht dualgas dearfach éisteacht leis an leanbh agus aird chuí a thabhairt ar a dtuairimí. Go háirithe, cé go bhforáiltear do chúinsí inar féidir le fostaí de chuid na Gníomhaireachta um Leanáí agus an Teaghlach cur isteach ar chosaint idirnáisiúnta do mhionaoiseach neamhthionlachta, níl aon fhoráil ann do dhuine a cheapadh mar chaomhnóir chun pléadáil ar son an linbh agus cuidiú leo tríd an bpróiseas. De bhreis air sin, ní chuimsíonn an tAcht an sainmhíniú atá aitheanta go hidirnáisiúnta ar cad is 'mionaoiseach neamhthionlactha' ann.

Chomh maith leis sin, ní cheadaítear faoin Acht go ndéanfaidh leanbh iarratas as a stuaim féin, ná go mbeadh breithniúchán ar leithligh ann do leanbh laistigh d'iarratas ó theaghlach iomlán. Tá imní ar OCO i ndáil leis an bpróiseas measúnaithe aoise san Acht agus go bhféadfaí leanbh a chur faoi choinneáil faoi alt 20(7) den Acht.

An Bille um an Dlí Coiriúil 2015

Bhí sé de cheangal ar Éirinn Treoir 2012/29/AE ón AE a thrasú isteach i ndlí na hÉireann ag bunú íoshcaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint d'íospartaigh na coireachta faoin 16 Samhain 2015. Ina fhianaise seo, d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Scéim Ghinearálta an Bhille um an Dlí Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) an 14 Iúil 2015.

D'fháiltigh Oifig an Ombudsman do Leanaí roimh an Scéim Ghinearálta agus a haidhmeanna sonraithe i ndáil le cearta na n-íospartach agus a dteaghlaigh. De réir ár sainchúraim reachtúil faoi Alt 7(4) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, dhírigh an Oifig a haighneacht ar íospartaigh na coireachta ar leanaí iad agus mhol roinnt bealaí ina bhféadfaí feabhas a chur ar an Scéim ionas gur gcuirfí san áireamh ar bhonn níos iomláine cearta agus leas leanaí ar íospartaigh na coireachta iad.

Maidir le leas is fearr an linbh, is cúis áthais é don OCO gur áiríodh an prionsabal leas is fearr an linbh a urramú i mbearta áirithe dá bhforáil faoin Scéim Ghinearálta. Cibé scéal é, ag cur san áireamh nár cuireadh i bhfeidhm fós an prionsabal leas is fearr an linbh i gcodanna eile den Scéim a bhaineann le híospartaigh ar leanaí iad, mhol an Oifig gur chóir go ndéanfaí comhtháthú níos iomláine ar an bprionsabal go mbeadh leas is fearr an libh ina phríomhbhreithniúchán mar dhualgas dearfach sa reachtaíocht mholta.

Ar an gcaoi chéanna, cé gur fháiltigh an oifig roimh an bhforáil go mbeadh ráiteas tionchair íospartaigh ann, mhol an Oifig gur chóir comhtháthú a dhéanamh mar dhualgas dearfach sa reachtaíocht mholta ar an gceart atá ag an íospartach a dtuairimí a chur in iúl go saor i gcomhthéacs an phróisis choiriúil a bhaineann lenar tharla dóibh agus go n-éistfí lena dtuairimí, de réir a n-aoise agus a n-aibíochta.

Mhol OCO freisin go bhforáilfí go gcuirfí leanaí agus a dteaghlaigh ar an eolas i ndáil leis an bpróiseas coiriúil agus go gcuirfí eolas ar fáil d'íospartaigh ar leanaí iad ar bhealach aoisbháuil.

I ndáil leis na bearta speisialta, d'fháiltigh an Oifig roimh bhearta speisialta cuimsitheachta d'íospartaigh ar leanaí iad. Cibé scéal é, mholamar go mbreithneofaí agus go ndaingneofaí na bearta speisialta d'íospartaigh ar leanaí iad, lena n-áirítear foráil do na nithe seo a leanas:

- duine tiomnaithe a cheapadh a bhfuil mar ról acu tacú leis an leanbh tríd an bpróiseas iomlán coiriúil;
- seirbhísí ullmhúcháin réamhchuirte a sholáthar d'íospartaigh ar leanaí iad; agus
- imeachtaí cuirte a bheith leanbh-bháuil

Chomh maith leis sin, mhol OCO go bhforálfadh an reachtaíocht mholta maidir le gach duine a bhfuil dualgais ghairmiúla orthu agus/nó a dhéanann cinntí a théann i bhfeidhm ar íospartaigh ar leanaí iad go mbeadh orthu, agus leanfaidís á dhéanamh, oiliúint chuí a fháil, lena n-áirítear oiliúint faoi conas cur chuige comhleanúnach a chur i bhfeidhm atá íogair do chearta agus leas na n-íospartach ar leanaí iad.

Scéim Ghinearálta an Bhille Uchtála (Faisnéis agus Rianú) 2015

D'fhoilsigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige Scéim Ghinearálta an Bhille Uchtála (Faisnéis agus Rianú) 2015 an 27 Iúil 2015. De réir shainchúram reachtúil an Ombudsman do Leanaí, dhírigh OCO an aighneacht chuig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar na gnéithe sin den Scéim Ghinearálta a bhaineann le leanaí.

Inár n-aighneacht, d'fháiltíomar roimh fhoilseachán na Scéime Ginearálta agus a chuspóir sonraithe foriomlán bonn reachtúil a thabhairt do sholáthar eolais a bhaineann le huchtáil.

Go sonrath, is cúis áthais é don OCO gur áiríodh na forálacha seo a leanas sa Scéim Ghinearálta, a mhol an Oifig inár gcomhairle maidir leis an Acht Uchtála 2009:

- bonn tuisceana ginearálta i bhfabhar faisnéis a nochtadh do dhaoine a uchtáladh maidir lena mbreith agus lena n-uchtáil;
- ceart rochtana ar an teastas breithe bunaidh agus ar an eolas atá in aon taifid uchtála do dhaoine a uchtáladh agus atá os cionn 18 mbliana d'aois;
- soiléiriú ar chearta na bpáirtithe i ndáil le faisnéisiú agus aithint eolais, ag tabhairt treoir reachtúil don Údarás Uchtála agus do na cúirteanna tráth a nglaofaí orthu cinneadh a dhéanamh i gcás cearta a bheadh in iomaíocht lena chéile;
- bunú an Chláir Náisiúnta Faisnéise Uchtála in Éirinn.

Cé gur fháiltíomar roimh na tagairtí sa Scéim Ghinearálta do leas is fearr an linbh a bheith ina phróimhbhreithniúchán, luaigh an Oifig go raibh an Scéim ina tost seachas sin maidir le cearta leanaí ó thaobh soláthar eolais de maidir lena n-uchtáil.

I ndáil le forálacha na Scéime Ginearálta maidir le faisnéis do dhaoine uchtáilte i gcás go ndearnadh ordú uchtála roimhe sin, nó tar éis thosach feidhme na reachtaíochta molta, luaigh an Oifig go dtagraíonn "duine uchtáilte" do dhuine atá os cionn 18 mbliana d'aois.

Cé go n-admhaítear nach dearbhcheart é an ceart chun faisnéis a fháil agus gur eolas thar a bheith íogair é an t-eolas faoi na tuismitheoirí breithe, chuir OCO a cúis imní in iúl nár sonraíodh sa Scéim Ghinearálta an ceart ag leanaí uchtáilte faisnéis a fháil maidir lena mbreith agus lena mbunús. Ag tagairt don mholadh a rinne Coiste na NA um Chearta an Linbh gur chóir faisnéis faoi dháta agus áit breithe linbh agus a thuismitheoirí breithe a choinneáil, agus i gcás gur féidir é, a chur ar fáil do leanbh ar a hiarraidh agus i gcás go mbeadh sé sin chun leasa is fearr an linbh, mhol an Oifig seo:

- Ba chóir go mbeadh an ceart ag leanbh uchtáilte faisnéis a fháil faoina mbreith agus a mbunús sonraithe go soiléir neamh-dhébhrioch i ngach alt cuí sa reachtaíocht mholta.
- Ba chóir go gcuirfí le mírchinn 13 agus 14 le go n-áireofaí an ceart a bheith ag leanaí uchtáilte rochtain a fháil ar a dteastas breithe. Maidir leis sin, ba chóir foráil le haghaidh tástála don "aibíocht imleor" seachas aois a shonrú ag a bhféadfadh an leanbh uchtáilte rochtain a fháil ar an fhaisnéis sin

- Ba chóir go mbeadh an bonn tuisceana ginearálta i bhfabhar go ndéanfaí eolas a fhaisnéisiú do leanaí uchtáilte chomh maith céanna le daoine uchtáilte maidir lena mbreith agus a n-uchtáil.
- Ba chóir go ndéanfaí foráil do thuairimí leanaí a chloisteáil agus a chur san áireamh, de réir a n-aoise agus a n-aibíochta agus a gcúinsí sonracha, tráth a mbeadh cinneadh á dhéanamh cibé acu ar chóir rochtain a bhronnadh ar leanbh uchtáilte ar theastas breithe.

Maidir le faisnéis a sholáthar i ndail le leanbh uchtáilte do thuismitheoir breithe agus thuismitheoir a d'uchtáil iad faoi seach (Míchinn 16 agus 17), luaigh an Oifig nach ndearna an reachtaíocht mholta aon tagairt don cheart atá ag leanaí go n-éistfí lena dtuairimí agus go gcuirfí na tuairimí sin san áireamh.

Dá réir sin, mhol OCO gur chóir go ndéanfaí comhtháthú mar dhualgais dhearfacha ar an bprionsabal go n-éistfí le leanbh agus go dtabharfaí aird mar is cuí dá dtuairimí, de réir a n-aoise agus a n-aibíochta agus a gcúinsí sonracha, i gcomhthéacs an Ghníomhaireacht um Leaná agus an Teaghlach a bheith ag déanamh cinntí i leith na faisnéise a lorgaíodh a nochtadh.

Maidir leis an soláthar faisnéise don thuismitheoir a d'uchtáil an leanbh faoin leanbh uchtáilte faoi aois 18, mhol an Oifig gur chóir breithniú a dhéanamh ar an bhforáil a bhaint ón Scéim Ghinearálta, a thugann cead don thuismitheoir breise diúltú faisnéis chuí neamh-aitheantais sláinte a scaoileadh faoi shláinte an linbh. Chomh maith leis sin, mhol an Oifig go bhforálfaí go mbeadh cead an nGníomhaireacht um Leaná agus an Teaghlach eagar a chur ar fhaisnéis aitheantais a bheadh ar fáil i gcáipéisíocht leighis, dá mba ghá é, agus d'fhonn a chinntiú go mbeadh rochtain ag an leanbh uchtáilte ar an bhfaisnéis chuí faoina stair sláinte agus leighis.

D'fhoilsigh an Comhchoiste Oireachtais maidir le Sláinte agus Leaná a Thuarascáil maidir Scrúdan Réamhrechtach na Scéime Ginearálta sa Mhírcheann sa Bhille Uchtála (Faisnéis agus Rianú) i mí na Samhna 2015. D'fhaomh an Rialtas dréachtú an Bhille leasaithe ionas go n-áireofaí é seo sa Tuarascáil i mí na Nollag 2015. Déanfaidh an oifig monatóireacht ar fhorbairtí tráth a mbeidh an dréacht-Bhille foilsithe.

Athchóiriú ar na Socruithe don Chaomhnóir ad Litem

I mí na Samhna 2015, chuir Oifig an Ombudsman do Leaná freagra ar Pháipéar Comhairliúcháin a d'éisigh an Roinn Leaná agus Gnóthaí Óige (DCYA) maidir le beartas molta chun athchóiriú a dhéanamh ar shocruithe caomhnóir ad litem (GAL) in imeachtaí faoin Acht um Chúram Leaná 1991.

Is imeachtaí thar a bheith tromchúiseach agus íogair iad imeachtaí cúraim leanaí. Tá na leanaí i gceist thar a bheith leochaileach; féadfaidh na himeachtaí féin a bheith fada; casta agus freasúrach; agus is féidir impleachtaí mór fadtéarmacha a bheith ag baint leis na himeachtaí céanna. Rinn OCO breithniúcháin maidir le tograí na Roinne Leaná agus

Gnóthaí Óige ar mhaithe lena chinntiú go ndéanfaí na himeachtaí cúraim atá i bhfeidhm ar leanaí faoi Acht 1991 a bhreithniú go cúramach, go ndéanfaí iad a chur chun cinn agus go ndéanfaí iad a chosaint.

Maidir leis seo, chuir an Oifig a tuairim in iúl, d'ainneoin go déanann an chúirt an caomhnóir ad litem a cheapadh, i=gur ghá go mbeadh mar bhonn is taca ag an gcur chuige beartais chun socrúithe GAL a athchóiriú faoin Acht go n-aithneofaí gur seirbhís go príomha atá i gceist leis an gcóras caomhnóir ad litem, ar seirbhís ríthábhachtach í chun cearta leanaí a chur chun cinn i gcomhthéacs imeachtaí cúirte a théann i bhfeidhm ar na leanaí sin.

Ag fáiltiú roimh an togra seo seirbhís aontaithe do chaomhnóirí ad litem a bhunú ar bhonn náisiúnta le haghaidh na n-imeachtaí cúirte leanaí go léir faoi Chodanna IV, IVA agus VI den Acht um Chúram Leanaí

1991, mhol an oifig gur chóir go bhforálfadh na príonsabail agus na beartais is bonn agus taca leis an tseirbhís nua le go mbeadh an tseirbhís: leanbhlárnaithe agus bunaithe ar chearta leanaí; neamhspleách, inrochtana i bprionsabal d'aon leanbh ar ghá dóibh dul tríd imeachtaí cúraim faoi Acht 1991; cuntasach; trédhearcach agus inrochtana. I ndáil le príonsabal an neamhspleáchais, tá OCO den tuairim gur ghá don tseirbhís náisiúnta mholta a bheith go hiomlán neamhspleách.

Maidir leis seo, measann an Oifig gur chóir go dtiocfadh maoiniú don tseirbhís náisiúnta agus d'focaíocht na gcaomhnóirí ad litem ó fhoinsé neamhspleách rialtais agus nár chóir aon ról a bheith ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach in airgead a íoc amach.

I ndáil le ceapachán na gcaomhnóirí ad litem, tá an Oifig buartha go ndearna Páipéar Comhairliúcháin DCYA ceapachán na gcaomhnóirí seo a shuí ar bhealach atá níos lánroghnaí agus níos forordaithí ná mar is ceart faoi Airteagal 42A.4 den Bhunreacht nó Airteagal 3 agus 12 de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh. Cé nach bhfuiltear ag moladh go ndéanfaí caomhnóir GAL a cheapadh go huathoibríoch i ngach cás, tá an Oifig den tuairim gur chóir go mbeadh bonn tuisceana ann i bhfabhar ceapacháin. Maidir leis seo, tá an Oifig den tuairim gur chóir go mbeadh an chinnteoireacht cás ar chás maidir le ceapachán GAL tiomáinte ag dhá bhreithniúchán: an gá a chinntiú go gcosnófaí leas is fearr an linbh agus a chinntiú go lorgófaí tuairimí an linbh ina aon chás ina bhfuil an leanbh ábalta a t(h)uairimí fáin a chur in iúl. De bhreis air sin. Mhol OCO maidir le haon chás ina gcinnfeadh an chúirt gan caomhnóir ad litem a cheapadh, gur chóir go dtabharfaí an chúis leis an gcinneadh sin.

I measc na moltaí a rinne an Oifig maidir le raon saincheisteanna breise a ardaíodh sa Pháipéar Comhairliúcháin ag DCYA bhí siad seo:

- Ina bhreithniúchán i ndáil leis an bhféidearthacht go bhféadfadh leanbh a (h)ionadaí féin dlí a bheith aige agus caomhnóir ad litem ag an am céanna, d'fhéadfadh DCYA

breathnú ar an gcur chuige dá bhforáiltear faoi the Children Act 1989 sa Bhreatain agus sa Bhreatain Bheag.

- Ba chóir breithniú breise a dhéanamh ar an tsaincheist a bhaineann le stádas páirtí don leanbh agus, go háirithe, an cheist a bhaineann leis an leanbh a bheith ina pháirtí d'imeachtaí cúirte a théann i bhfeidhm air/uirthi trí chaomhnóir ad litem a cheapadh.
- Ba chóir go ndéanfaí ról, cumhachtaí agus dualgais an chaomhnóra ad litem a shainiú go soiléir sa dlí agus i rialacháin, de réir mar is cuí.
- Ba chóir go dtuigfí gurb é ról príomha GAL ionadaíocht a dhéanamh ar an leanbh trína fháil amach cad iad tuairimí an linbh féin agus iad a chur in iúl don chúirt trí mholadh don chúirt cad a mheasann sé/sí ba chóir a bheadh chun leasa is fearr an linbh.
- Is gá do neamhspleáchas na gcaomhnóirí ad litem a bheith cosanta go hiomlán d'fhonn maolú ar aon riosca a bhainfeadh óna gcumas feidhmiú go héifeachtach ar son an linbh.
- Níor chóir go mbeadh na téarmaí tagartha i ndáil le disciplíní gairmiúla na gcaomhnóirí ad litem a bheith róchúng nó rótheoranta.
- Fáiltítear roimh an togra sa reachtaíocht dul i ngleic le ceist theidlíocht an linbh cóip de thuarascáil an GAL a fháil. Agus foráil dá leithéid á dréachtú, is gá breithniú a dhéanamh ar a chinntiú go dtabharfaí an tacaíocht cheart don leanbh an fhaisnéis atá sa tuarascáil sin a thuiscint.

4.4. Rannpháirtíocht sna Sásraí Monatóireachta Idirnáisiúnta

Rannpháirtíocht i bPróiseas Monatóireachta agus Tuairiscithe UNCRC

Tar éis d'Éirinn Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (UNCRC) a dhaingniú in 1992, tá sé de cheangal ar Éirinn tuarascálacha tréimhsiúla a chur faoi bhráid Choiste na NA um Chearta an Linbh maidir le bearta atá á nglacadh ag an tír chun a dualgais a chomhlíonadh maidir le cearta leanaí a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh faoin gCoinbhinsiún.

Le linn 2015, d'fhéach Coiste na NA um Chearta an Linbh ar an trío agus an ceathrú tuarascáil de chuid na hÉireann in éineacht. Mar chuid den phróiseas monatóireachta agus tuairiscithe, bhreithnigh an Coiste freisin tuarascálacha comhroghanna a d'ullmhaigh institiúidí neamhspleácha um chearta daonna agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

I mí Aibreáin 2015, chuir Oifig an Ombudsman do Leanaí tuarascáil chomhroghanna eile faoi bhráid Choiste na NA um Chearta an Linbh. Bhí na himscrúduithe reachtúla arna ndéanamh ag an Oifig nó thar ceann na hOifige mar bhonn is mar thaca go príomha leis an tuarascáil sin; chomh maith le comhairle arna tabhairt ag an Oifig don Rialtas faoi athruithe reachtúla a rachadh i bhfeidhm ar leanaí; agus an obair dhíreach a rinne OCO le leanaí agus daoine óga.

Ag cuimsiú na tréimhse ón uair dheireanach a rinne Coiste na NA iniúchadh ar Éirinn in 2006 chuig deireadh Mhárta 2015, chuir tuarascáil na hOifige anailís neamhspleách

ar fáil ó dhearcadh chearta an linbh faoi raon ilchineálacha saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar chearta agus leas leanaí in Éirinn. I measc na réimsí a ndearna ár dtuarascáil chomhroghanna iniúchadh orthu bhí siad seo a leanas:

- creat bunreachtúil agus reachtúil na hÉireann;
- beartas agus straitéis phoiblí maidir le leanaí agus comhordú ar bheartas a théann i bhfeidhm ar leanaí;
- pleanáil buiséid, comhordú agus meastóireacht i ndáil le leanaí;
- feachtas a spreagadh agus oideachas maidir le cearta leanaí;
- toiliú cóireáil leighis a fháil;
- aois na freagrachta coiriúla;
- an aois vótála;
- saincheisteanna a bhaineann le prionsabal na neamh-idirdhealaitheachta, lena n-áirítear i gcomhthéacs an oideachais;
- an gá atá ann príomhshruathú a dhéanamh ar na prionsabail a bhaineann le leas is fearr an linbh a bheith ina phríomhbhreithniúcháin agus tuairimí leanaí a urramú sa dlí, sa bheartas, agus sa ghnáthamh a théann i bhfeidhm ar leanaí;
- cearta sibhialta agus saoirsí leanaí, lena n-áirítear nithe a bhaineann le clárú breithe, céannacht inscne, saoirse reiligiúin, agus rochtain leanaí ar fhaisnéis agus cosaint ó ábhar atá dochrach dá bhfolláine;
- foréigean i gcoinne leanaí, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le mí-úsáid leanaí agus faillí ina leith, pionós corpartha agus bulaíocht;
- cúrsaí a bhaineann le hathchóiriú an dlí teaghlaigh agus nithe a bhaineann le leanaí faoi chúram malartach agus maidir le huchtáil;
- tacaí agus seirbhísí do leanaí faoi mhíchumas;
- sláinte agus seirbhísí sláinte do leanaí, lena n-áirítear meabhairshláinte;
- bochtaineacht leanaí; leanaí, daione óga agus teaghlaigh gan dídean;
- oideachas, lena n-áirítear nithe a théann i bhfeidhm ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu;
- bearta cosanta speisialta, go háirithe maidir le leanaí atá i gcoinbhleacht leis an dlí, leanaí a bhaineann le mionlaigh eitneacha, leanaí ar iarrthóirí tearmainn iad agus leanaí a tháinig ar inimirce.

I dtuarascáil chomhroghanna OCO rinneadh breis is seasca moladh maidir le hathruithe sa dlí, beartas, gnáthamh agus cleachtas a measaimid a bhfuil gá leo d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i gcomhlíonadh dhualgais na hÉireann maidir le leanaí faoi UNCRC agus, leis sin, réadú chearta leanaí in Éirinn a chur chun cinn.

Chomh maith leis sin, leagtar amach sa tuarascáil chomhroghanna seo, sonraí an fhoilseacháin *A Word from the Wise* de chuid na hOifige. Tá dlúthdhiosca ag gabháil leis an leabhrán seo ar a bhfuil scéalta faoi sheacht gcinn de chásanna a raibh an Oifig dá n-imscrúdú agus a leagann béim ar shaincheisteanna córasacha a bhí ag dul i bhfeidhm ar leanaí agus daoine óga in Éirinn. Tá na scéalta inste ag na leanaí agus daoine óga i gceist,

agus i roinnt cásanna ag na tuismitheoirí, agus tugann na scéalta seo léargas áirithe dúinn ar na dúshláin a mbíonn ar leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh aghaidh a thabhairt orthu in a lán príomhréimsí, lena n-áirítear oideachas, cúram sláinte, tithíocht agus iarchúram. Tá trí cinn de na scéalta sin le fáil thíos, ach is féidir teacht orthu go léir ag www.oco.ie/wp-content/uploads/2014/03/A-Word-from-the-Wise.pdf agus tá an cháipéis iomlán ar fáil ag www.oco.ie/publications/reports-to-the-un/.

I mí an Mheithimh 2015, d'fhreastail an tOmbudsman do Leanaí agus foireann OCO ar chruinniú réamhsheisiúin le baill de Choiste na NA um Chearta an Linbh, a reáchtáladh ag Palais des Nations sa Ghinéiv. Bhí an cruinniú seo ina dheis luachmhar agus cuiditheach don Oifig an Coiste a chur ar an eolas is déanaí faoi raon saincheisteanna a bhaineann le cearta leanaí in Éirinn agus dearcadh neamhspleách, bunaithe ar chearta leanaí, a sholáthar faoi roinnt de na príomhbhearta a bhfuil gá iad a chur chun cinn ionas go mbainfear amach cearta leanaí in Éirinn.

Tar éis an chruinnithe réamhsheisiúinaigh seo, d'fhoilsigh an Coiste um Chearta an Linbh Liosta Saincheisteanna maidir leis an tríú agus an ceathrú tuarascáil de chuid na hÉireann, a cuireadh isteach in éineacht, agus d'fhreagair Éire do na saincheisteanna sin i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Ina dhiaidh sin, agus roimh chruinniú iomlánaíoch idir Coiste na NA um Chearta an Linbh agus ionadaithe ó Rialtas na hÉireann i mí Eanáir 2016, rinne Oifig an Ombudsman do Leanaí aighneacht bhreise chuig Coiste na NA i mí na Nollag 2015. Ba é ba chuspóir leis an aighneacht sin eolas achomair chun dáta a sholáthar maidir le forbairtí ábhartha a tharla, lena n-áirítear maidir le cosaint idirnáisiúnta, bochtaineacht leanaí, cosaint leanaí agus oideachas.

Scéal Cháit

Fuair an OCO gearán ó Rita. Bhíothas tar éis a hiníon a thógáil isteach in aonad timpistí agus éigeandála mórospidéil, tar éis don chailín iarracht lámh a chur ina bás féin don dara huair.

Ansin aistríodh Cáit chuig barda síciatrach do dhaoine fásta ag an ospidéal céanna, ag feitheamh le háit in aonad meabhairshláinte níos oiriúnaí do dhéagóirí. Tráth a ndeachthas i dteagmháil leis an OCO faoi seo, ní raibh aon áit in aonad do dhéagóirí curtha ar fáil go fóill di agus rinne a máthair gearán nach raibh an suíomh seo oiriúnach di ar chor ar bith, agus go raibh sé ag cur a hiníne i mbaol níos mó agus nach raibh sé chun a leasa is fearr.

Bhí an gearán seo ar cheann den iliomad gearán a fuair OCO le déanaí a bhain le leanaí a raibh deacrachtaí meabhairshláinte acu a chur in aonaid do dhaoine fásta, a bhí go hiomlán mí-oiriúnach dóibh.

Is léiriú iad na gearáin seo ar na deacrachtaí atá ann ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach maidir le leanaí ag rochtain socrúchán agus tacaí meabhairshláinte.

Cáit:

An chéad uair a rinne mé iarracht lámh a chur i mo bhás féin, measaim go raibh mé ag iarraidh go n-éistfí le mo theachtaireacht 'tar i gcabhair orm'. Ach ní raibh aon chabhair ann dom dáiríre. Is áit thar a bheith scanrúil é A&E. Bhí an t-aonad do dhaoine fásta mar a bheadh príosún. Níor chuidigh an chomhairleoireacht a fuair mé ó CAMHS (Child and Adolescent Mental Health Services) liom ar chor ar bith.

Tar éis dom iarracht ar fhéinmharú le paraicéiteamól bhíos trína chéile ar fad ar fad. Bhí sé ar an bpian is measa a bhrath mé riamh. Ach níor theastaigh uaim filleadh ar an mbaile mar go raibh eagla orm cad a dhéanfainn ann. Thuig mo mháthair go raibh gá agam seal a chaitheamh in ionad cónaitheach. Ach ní raibh mórán le tairiscint dúinn – ní raibh ar fáil ach an t-aonad do dhaoine fásta.

Droch-eispéireas amach is amach a bhí san ionad do dhaoine fásta. Bhíos i seomra i m'aonar. Agus bhíothas ag faire orm 24/7. Ní raibh cead agam dul isteach sa phríomhbharda. Ní raibh cead agam cith a ghlacadh ná dul go dtí an leithreas liom féin. Ní fhéadainn dul go dtí an siopa – fiú amháin le mo mháthair. Níor bharr me mo chosa mar go mbeidís ag stánadh orm. Bhí mé an-leochaileach. Is gráin liom nuair a bhíonn daoine ag breathnú ar mo chorp.

An t-aon ghleacaíocht a bhí ar fáil ná ar an muileann coise. Bhí sé an-fhuar sa seomra sin. Bhain mé úsáid as cúpla uair ach bhí sé thar a bheith leadránach agus mar sin d'éirigh mé as tar éis tamaill. Bhí neamhord itheacháin agam agus mar sin chaill mé 3 kg ar an muileann coise.

Tá aithne mhaith agam orm féin. Ní raibh an áit seo go maith do dhuine óg de mo leithéidse. Bhíos i m'aonar. Ní hé amháin nach raibh an áit seo oiriúnach ach bhí sé dochrach dom. Bhrath mé gur ligeadh síos mé. Bhí gá agam le cúnaimh agus ní raibh sé ar fáil. Ach bhí roinnt de na haltraí go hiontach ar fad.

Bhí comhráite maithe againn lena chéile. Sin é an t-aon rud a tháinig i gcabhair orm. Bhí muinín ag roinnt de na haltraí ionam. Chuidigh siad liom le linn an ama sin. Chuidigh siad liom le mo smaointeoireacht. Léiríonn sé sin cén sórt ruda a d'fhéadfadh a bheith cabhrach do mo leithéid, dá ndéanfaidís i gceart é.

Bhí fhios agam go bhféadfadh biseach a theacht orm. Bhí mo mháthair iontach tacúil ach bhí fhios agam go mbeadh orm troid ar mo shon féin freisin. Táim fós ann mar fhianaise air sin. Is ag an tráth sin ar chuir mé spéis sa ghairm mé féin. D'fhéadfainn b'fhéidir cuidiú le duine eile mé féin? Táim ag súil anois freastal ar an ollscoil má éiríonn liom na pointí a bhaint amach. Fiú amháin más féidir liom difríocht bheag a dhéanamh sa saol is fiú é.

Bhí an-droch eispéireas agam agus níor chóir do dhéagóirí eile é sin a fhulaingt ach oiread. Is cúis náire an easpa áiseanna agus easpa foirne. Teastaíonn ó dhaoine cúram a dhéanamh díot – agus tá a lán díobh go maith ag a bpost ach níl dóthain foirne ann agus níl spásanna ann do leanaí ná freastal seirbhíse lasmuigh d’uaireanta oifige. Ba chóir go mbeadh bardaí oiriúnacha ann do dhaoine ar m’aoise. Níl sé d’acmhainn ag an aonad do dhaoine fásta freastal ar leanaí. Níl sé cóir ná cothrom orainn ach níl sé cóir ar an bhfoireann ach oiread.

Tá a lán ar eolas agam anois faoi mheabhairshláinte. Faoin gcóras agus faoi laig an chórais sin. Tá aithne níos fearr agam orm féin anois. Tá a lán le rá agam dom féin sa saol agus faoin saol. Is díol trua é nár éist na daoine cearta liom ag an am ceart.

Scéal Tracey agus Keith

Rinne Rose teagmháil le OCO i mí Bealtaine 2014. Bhain a gearán le soláthar tithíochta údaráis áitiúil agus conas a d’imigh siad i ngleic le heaspa dídine a teaghlach.

Bhain an gearán tosaigh le heaspa cóiríochta iomchuí di féin agus dá leanaí, Tracey agus Keith. D’inis Rose don OCO go raibh sí féin agus a leanaí ag roinnt tí i mBaile Átha Cliath lena beirt deartháireacha, agus bhí madra tarbh-bhrocaire ag duine de na deartháireacha a bhain greim as a hiníon. Dá bharr sin bhí ar Tracey dul isteach san ospidéal agus dul faoi obráid. Rinne Rose gearán freisin nach raibh sí in ann úsáid a bhaint as na háiseanna níocháin sa teach agus go raibh an-droch-chaoi ar an bhfolcadán.

Dúirt Rose gur inis an t-údarás áitiúil di nach bhféadfadh sí fanacht ina teach lena deartháireachta, mar go raibh an bheirt acu ina mbaol do na leanaí agus mar nach raibh cead aici ón údarás áitiúil áitriú chuig an teach sin pé scéal é. Cibé scéal é, ag an tráth úd ní raibh an t-údarás áitiúil tar éis aon chóiríocht eile a sholáthar don teaghlach, agus dá bhrí sin tharla go raibh Rose, Tracey agus Keith gan dídean ansin.

Dúirt Rose gur cuireadh í féin agus sa leanaí i gcóiríocht éigeandála mhí-oiriúnach. Tugadh tosaíocht tithíochta don teaghlach mar go raibh deacrachtaí acu i bpróiseáil a n-iarratais; go praiticiúil bhí pionós á ghearradh ar an teaghlach mar gheall ar iompar frithshóisialta a tharla ceithre bliana roimhe sin.

Tracey:

Níl mo sheomra codlata féin amach. Tá ceithre leaba bhuinc ann. Tá mo theidís agam. Tá sé préachta fuar. Uaireanta ar maidin faighimid ár mblaincéid agus ár bpiliúir agus téimid isteach sa leaba le mamaí. Ach ní bhímid déanach dom scoil riamh. Ní gnáth-theach é seo. Níl cead againn ár gcairde a thabhairt abhaile linn. Níl cead againn dul amach mar go bhfuil daoine eile ann. Níor thug mé riamh aon chara liom abhaile chun fanacht thar oíche.

Nuair a shamhláim teach ceart smaoiním ar theach le cairpéad suas an staighre. Dúnaim mo shúile agus tá gnáthchistin mhór againn. Tá doras gloine ar an gcuisneoir. Tá seomra suí ann. Tá tolg mór ann le spás do thriúr. Tá tinteán i ngach seomra agus tá sé cluthar.

Thuas staighre tá 3 sheomra codlata ann. Agus tá dhá sheomra folctha ann. Tá cófraí agus teas i ngach seomra. Samhláim póirse agus gairdín tosaigh le madra ann. Tá a lán gloine ann agus tá an ghrian ag taitneamh isteach. Tá gairdín cúil ann freisin ina bhfuil trampailín – ó, agus crann úll.

Keith:

Tá sé chomh fuar anseo. Sin an chúis go bhfuil blaincéad mór seascair agam. Roinnim é le mo mháthair agus mo dheirfiúr. Ní maith liom nuair a dhéanann daoine bulaíocht orm. Níl aon thuas staighre ann. Níl aon spás súgartha ann ach i mo sheomra agus tá sé sin lá le héadaí. Tá mé brónach mar nach bhfuil aon mhadra anseo. An t-árasán ina rabhamar roimhe seo bhí boladh uaidh. Bhíodh na daoine thuas staighre ag troid. Lá amháin d'ionsaigh sé cailín lasmuigh dár ndoras tosaigh a bhí ag iompar clainne. Ní fhéadaimis dul thar bráid.

Measaim dá bhféadfainn teach a bheith agam – bhuel bheadh seomra suí ann agus, ó féach sin uisce óil an mhadra. Tá an teilifís ar siúl agus tá mata deas dubh agus bán i mo sheomra. Tá dhá leaba agam ionas gur féidir le mo chara fanacht thar oíche liom. Tá pictiúir ar na ballaí agam – níl cead agam aon cheann a chur ar na ballaí sa teach seo.


Sa ghairdín tá potaí bláthanna anseo is ansiúd. Tá tramapilín ann agus tá caisleán aeir.

Dá mbeadh teach againn níor ghá dúinn a bheith ag aistriú thart an t-am ar fad. Tá Mamaí tar éis a bheith ag caoineadh faoi sin.

Scéal Danny

Rinne Sarah teagmháil le OCO maidir lena mac 16 bliana d'aois, Dany, a bhí tar éis Gortú Faighte Intinne a fháil i dtimpiste gluasteáin ag aois 15. Bhain an gearán le heaspa seirbhísí tiomnaithe do dhaoine idir 13 agus 17 mbliana d'aois tar éis dóibh ABI a fháil, agus easpa tacaíochta eagraithe a bheith ar fáil do Danny agus a theaghlach, agus easpa pointe fócais le freagracht as cúnamh a sholáthar do theaghlaigh sna cúinsí seo. Chuir an gearánach in iúl an deacracht agus na dúshláin a raibh ar Danny agus a phléadálaithe aghaidh a thabhairt orthu agus iad ag lorg seirbhísí agus tacaí síciatracha ar a shon.

Ba léiriú an gearán ar go mbeadh formhór na n-eagraíochtaí a ndearna máthair Danny teagmháil leo in ann cabhrú leo dá mba rud é go raibh a mac 12 bhliain nó níos óige, nó dá mbeadh sé cóngarach d'aois 18, ach níor ghlac aon eagraíocht freagracht as an scéal, go háirithe dá aoisghrúpa. Mar sin tháinig sé chun solais go bhfuil bearna ann sna seirbhísí sláinte do dhaoine d'aois áirithe a bhfuil ABI orthu.



Danny:

Ní chreidim chomh deacair is atá sé ar mhamaí na seirbhísí is gá a fháil. Tagann intinn an duine óig chuige féin níos gasta agus níos fearr ná intinn duine níos sine. Dá thapúla a fhaightear seirbhísí, is ea fearr agus is gasta a thiocfaidh feabhas ort. Níor chóir go gcuirfí am amú ag troid ar son seirbhísí.

Níl an t-ádh céanna ar dhaoine eile is atá ormsa. Ar a laghad tá mo mháthair ag troid ar mo shon. Murach sin níl fhios agam cad a dhéanfainn. Bhí uirthi éirí as a post. Ní gach teaghlach ar féidir leo é sin a dhéanamh.

Thosaigh mé achainí i ngach soil i mo chontae ag impí orthu seirbhísí a sholáthar do dhéagóirí a bhfuil Gortú Faighte Inchinne acu. D'fhorbair sé sin agus anois tá achainí á chur faoi bhráid na Dála. Ansin d'éirigh linn am a fháil ar an Teilifís agus ar an raidió. Labhair mo dheartháir níos óige, Leo don chéad uair faoi seo go léir. D'fhéadfá na mothúcháin a chloisteáil ina ghuth. Is cruthúnas é sin go bhfuil rud éigin tábhachtach le rá ag daoine óga cosúil linne. An bhfillfidh mé riamh ar an spórt? Spreag sé sin mé. Thaitin sé liom nuair a rinne mé teiripí éagsúla agus bhí rath air sin.

Bhí sé deacair filleadh ar scoil. Ach bhí mé ag súil go mór leis. Bhí normáltacht éigin ag baint leis. Ach tar éis fiú rang amháin bhíos traochta. Bhí na múinteoirí ag breathnú orm trí shúile éagsúla anois. Ní fhaca siadsan ach duine le gortú intinne.

Mar sin, d'aistrigh mé scoil. Ní fiú a lua go raibh eagla orm, ach do bhí. Ach tús iontach maith a bhí ann agus ghlac daoine liom. Tá cairde iontacha gnóthaithe agam. Tá na múinteoirí ar fheabhas ar fad. Táimse den tuairim nár chóir dearmad a dhéanamh ar dhaoine óga. Tá muid tábhachtach. Tá mo dheartháir níos óige Leo ar fheabhas ar fad. Ní raibh sé ach 12 ag an uair, agus tá sé mar a bheadh cosantóir agam. Ar bhealach chuidigh sé liom mo neamhspleáchas a aimsiú arís. Is cuimhin liom siúl síos an tsráid lá amháin agus bhí mé ag breith ar lámh mo mháthar. Bheartaigh Leo siúl in aice liom ar eagla na heagla go bhfeicfeadh na leids eile mé ag breith ar lámh mo mháthar.

Measaim go bhfuil sé cóir cothrom a rá go bhfuil gach seans ag dul dom sa saol tar éis an méid íobairtí go léir a rinne mo mháthair chun todhchaí a thabhairt dom. An rud a scanraíonn mé ná go bhfuil daoine eile a mbeidh gortú intinne orthu agus nach mbeidh mórán cúnaimh le fáil acusan.

Ba bhreá liom dá bhféadfadh duine a bhfuil gortú intinne acu dúiseacht maidin amháin agus a fháil amach go bhfuil gach uile sheirbhís ar fáil dóibh agus dá dteaghlach agus bheadh an toradh i bhfad níos fearr dóibh.

Athbhreithniú Uilíoch Tréimhsiúil

In 2016, déanfaidh Comhairle na NA um Chearta an Duine iniúchadh ar thaifead na hÉireann ó thaobh chearta an duine de don dara huair i gcomhthéacs phróiseas Athbhreithniú Uilíoch Tréimhsiúil (UPR) na NA.

Chuir Oifig an Ombudsman do Leanaí aighneacht faoi bhráid UPR i mí Mheán Fómhair 2015. De réir ról OCO mar institiúid neamhspleách um chearta daonna in Éirinn. Díríonn aighneacht na hOifige ar béim a leagan agus moltaí comhfhreagracha a dhéanamh, maidir le raon saincheistanna a bhaineann le cearta leanaí in Éirinn. I measc na saincheistanna a cuimsíodh in aighneacht OCO bhí leas agus cosaint leanaí, ceartas don óige, tearmann agus inimirce, bochtaineacht leanaí, seirbhísí sláinte, agus oideachas. .

Leanfaidh an Oifig ag glacadh páirte i bpróiseas UPR, le linn 2016.

4.5. Taighde

Rialtas Leanbh-bháúil

Le tacaíocht ó Chumann Idirnáisiúnta na nOmbudsman, rinne OCO coimisiúnú ar chomhairliúchán in 2014 faoi rialtas leanbh-bháúil a bheith ann.

Is éard a spreag an staidéar seo ná go raibh constaicí ann i mbealach leanaí agus a dteaghlaigh maidir le cearta a bhaint amach i réimse an riaracháin phoiblí, mar atá sonraithe ag an OCO trí iniúchadh agus imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le gníomhartha comhlachtaí poiblí. Tar éis próiseas tairisceana iomaíoch, bronnadh an Conradh don staidéar seo ar an Child Law Clinic, Scoil an Dlí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Tríd is tríd, is é aidhm an staidéir seo roinnt cur chuige a shainaithint atá cearta-bhunaithe agus leanbhbháúil i leith an riaracháin phoiblí, chun bonn eolais a sholáthar d'fhorbairt moltaí ina bhféadfaí leasuithe a dhéanamh.

Le linn 2015, cuireadh na trí pháosa oibre seo a leanas i gcrích mar chuid den staidéar:

- anailís ar an taighde agus litríocht atá ann cheana féin maidir le rialtas atá leanbh-bháúil;
- anailís ar an bhfaisnéis atá ar fáil i mbunachar sonraí OCO maidir leis na deacrachtaí a tháinig chun solais do ghearánaigh a leag béim ar shaincheistanna córasacha ; agus
- comhairliúchán le daoine óga agus lena dteaghlaigh maidir leis na constaicí ina aghaidh rochtain a fháil ar sheirbhísí agus a n-idirghníomhartha leis an comhlachtaí poiblí.

I bhfianaise na dtorthaí tá sé beartaithe ag OCO síneadh a chur leis an staidéar agus an ceathrú gné, is é sin comhairliúchán le comhlachtaí poiblí agus le soláthraithe seirbhíse ag féachaint lena ndearchtaí a fháil faoi na saincheistanna a ardaíodh agus conas is féidir na constaicí sin a shárú chun rialtas leanbh-bháúil a chur chun cinn. Cuirfidh an Child Law Clinic an páosa taighde seo i gcrích le linn 2016/2017, agus ina dhiaidh sin tá sé beartaithe ag OCO tuarascáil deiridh den staidéar a fhoilsiú

4.6. Rannpháirtíocht le Líonraí Idirnáisiúnta

Tá sé ina fheidhm ag an Ombudsman do Leanaí faoi Acht 2002 comhoibriú le hOmbudsmen do Leanaí i stáit eile. Le linn 2015 leanamar ag cothú na rannpháirtíochta leis an Líonra Eorpach Ombudsman do leanaí (ENOC), agus leis na Coimisinéirí do Leanaí sa Bhreatain.

Chomh maith leis sin, labhair an tOmbudsman ag comhdháil sa Phortaingéil faoi chearta idirnáisiúnta leanaí chun comóradh a dhéanamh ar cheiliúradh 25 Bliain don tír sin ó síníodh UNCRC.



A big thanks to young people from Calasanctius College & from The Daybreak Programme for visiting us this week



RETWEETS
3

LIKES
4



6:31 AM - 11 Nov 2015



Cmte on Health & Children discussing current work & future plans for the Office of the Ombudsman for Children here bit.ly/18xpJrI

RETWEETS
4

LIKES
2



10:40 PM - 27 May 2015

RANNÓG 5 **ACMHAINNÍ**

Rialú Airgeadais

Déanann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige buiséad an Ombudsman do Leanaí a leithdháileadh. In 2015 ba é €1.949m an leithdháileadh airgeadais d’Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Mar atá sonraithe in Ailt 17(1) agus (2) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú agus as a chinntiú go bhfuil idirbhearta na hOifige rialta.

Áirítear i measc na bhfeidhmeanna is bonn agus taca leis na freagrachtaí sin, údarú agus monatóireacht a dhéanamh ar earraí agus seirbhísí, próisis thairisceana, feidhmiú an phárolla, agus tiomsú tuairisceán míosúil.

Tá Ráitis Airgeadais na hOifige faoi réir ag iniúchóireacht ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tharla iniúchóireacht ar chuntais 2015 i mí an Mheithimh 2016. Dé ghnáth ní dhéantar iniúchóireacht ar Ráitis Airgeadais do bhliain áirithe tráth fhoilsiú na tuarascála bliantúla cuí. Chomh luath agus a dhéanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faomhadh orthu, foilsítear iad ar shuíomh gréasáin OCO agus tá cuntais bhliantúla do gach bliain suas go dtí 2014 ar fáil ar www.oco.ie.

Chuir na Cuntasóirí Cairte Crowleys DFK seirbhísí cuntasáochta ar fáil don Oifig le linn 2015.

Meáin

Tar éis di a bheith ina hOmbudsman do Leanaí ó bhunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí sa bhilain 2004, d’éirigh Emily Logan as agus tháinig an Dr Niall Muldoon i gcomharba uirthi mar Ombudsman do Leanaí in 2015. Mar thoradh ar an mórathrú seo sa phearsanra léirigh na meáin a lán spéise agus clúdaíodh é go mór sna meáin. Labhair Niall ar a lán meán náisiúnta agus bhí clúdach sna meáin chlóite freisin, agus ar line.

Léirigh na meáin spéis fhairsing freisin in obair Oifig an Ombudsman do Leanaí in 2015, go háirithe maidir lenár dteacht os comhair trí cinn de Choistí Oireachtais ag céimeanna éagsúla le linn na bliana. I mí an Mhárta rinneamar cur i láthair os comhair an Chomhchoiste Oireachtais maidir le Seirbhís Phoiblí, Maoirseacht agus Achainíochas; i mí Bealtaine tháingamar os comhair an Chomhchoiste Oireachtais maidir le Sláinte agus Leanaí, agus Clúdaíodh na láithreachtaí seo go mór sna meáin, maille leis an méid a bhí le rá againn. I mí Aibreáin d’fhoilsíomar ár dtuarascáil do Choiste na NA um Chearta an linbh agus i mí an Mheithimh chuireamar an tuarascáil i láthair sa Ghinéiv. Clúdaíodh an dá ócáid sin sna meáin freisin.

Ar cheann de na saincheistanna a bhí á ardú ag an OCO leis an Rialtas le blianta fada tá cur le sainchúram OCO le go n-áireofaí leanaí atá sa Soláthar Díreach agus leagamar béim air sin nuair a fuair an deis teacht os comhair an Chomhchoiste Oireachtais maidir le Seirbhís Phoiblí, Maoirseacht agus Achainíocha agus ina dhiaidh sin chuir siadsan tuarascáil ar fáil ag moladh go gcuirfí lenár sainchúram de réir ár n-iarratais. Ba é toradh obair an choiste agus ár fhreagairt dó sin ná go bhfuarthas a lán clúdaigh sna meáin.

In 2015 chinn an Coiste Eorpach um Chearta Sóisialta go raibh Éire ag sárú Chairt Shóisialta na hEorpa mar go bhfuil cosc ar phionós corpartha.

Bhíomar i gcónaí den tuairim gur chóir go ndéanfaí Cairt Shóisialta na hEorpa a chur i bhfeidhm ina hiomláine agus chlúdaigh na meáin é sin go fairsing freisin.

In 2015, mar thoradh ar imscrúdú a rinne OCO cinneadh go raibh bearnaí ann sa chur chuige maidir le hionaid chónaitheacha do leanaí, arna rith ag gníomhaireachtaí deonacha agus príobháideacha, a chlárú agus cigireacht agus monatóireacht a dheanamh orthu. Chlúdaigh na meáin go fairsing foilsíú na tuarascála seo i mí Lúnasa.

Gnóthaí Poiblí

Tuairiscíonn an tOmbudsman do Leanaí go díreach don Oireachtas agus tá mandáid reachtúil aige comhairle a sholáthar d’Airí Rialtais maidir le dlíthe agus beartais a bhfuil tionchar acu ar leanaí.

In 2015, lean Oifig an Ombudsman do Leanaí den chaidreamh táirgiúil le hAirí, le Comhchoistí Rialtais agus le hurlabhraithe tábhachtacha. Chomh maith le teacht os comhair trí cinn de Chomhchoistí Oireachtais, rinneamar aighneachtaí freisin agus bhí plé againn le hAirí, le hoifigigh ó ranna éagsúla agus le ceapthóirí reachtaíochta. Rinneamar aighneachtaí maidir leis an mBille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2014; an Bille Oideachais (Ligeán Isteach i Scoileanna) 2015; Scéim Ghinearálta an Bhille um Chosaint Idirnáisiúnta 2015; an Bille Ceartais Choiriúil (íospartaigh na Coireachta) 2015; Scéim Ghinearálta an Bhille Uchtála (Faisnéis agus Rianú) agus Athchóiriú ar na Socruithe le haghaidh Caomhnóirí ad Litem.

Tá sé de cheangal ar Éirinn tuarascálacha tréimhsiúla a chur faoi bhráid Choiste na NA um Chearta an Linbh maidir le bearta atá á gcur i bhfeidhm chun cearta leanaí a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh. I mí Aibreáin 2015, cuireamar tuarascáil chomhroghanna faoi bhráid Choiste na NA um Chearta an Linbh. I mí an Mheithimh 2015, d’fhreastalaíomar ar chruinniú réamhsheisiúnach le baill de Choiste na NA um Chearta an Linbh sa Ghinéiv.



OCO @OCO_ireland · 1 Dec 2015

A big thanks to students from St Nathy's College, Ballaghaderreen for visiting us @oco_ireland today.



OCO @OCO_ireland · 24 May 2015

Ombudsman for Children honoured to attend presentation of #Tipperary Peace Award to @UN SG Ban Ki-moon #UNSGIreland



Acmhainní Daonna

Mar gheall ar go raibh daoine éagsúla ag dul chun cinn ina ngairmeacha tháinig athruithe móra ar an bhfoireann le linn 2014 / 2015 agus tháinig roinnt folúntas chun cinn dá bharr. Fuarthas cead ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige² i mí Bealtaine 2015 roinnt de na folúntais sin a líonadh san Oifig. Déantar daoine a earcú chuig na poist éagsúla tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn bhí moill ann mar gheall ar leithdháileadh ó phainéil éagsúla a bunaíodh ar fud grad éagsúil.

Millennium House – úsáid an áitribh

Chomh maith le ceardlanna faoi oideachas ceart daonna a réachtáil le leanaí agus daoine óga, lean an Oifig lena clár coibhéiseach do mhic léinn iarchéime. Cuireann an Oifig áiseanna Millennium House ar fáil mar ionad d'ócáidí atá dírithe ar chearta agus leas leanaí agus daoine óga.

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh in 2014

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha éifeacht do Threoir 2006/32/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 5 Aibreán 2006 agus na Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Úsáid Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Éifeachtacha Fuinnimh) 2009 (I.R. 542 de 2009)¹. Ceanglaíonn na Rialacháin ar eagraíochtaí na seirbhíse poiblí tuairisciú go bliantúil ó Eanáir 2011 maidir lena n-úsáid fuinnimh agus na gníomhartha a ghlac siad chun a dtomhaltas a laghdú.

In 2015, d'úsáid Oifig an Ombudsman do Leanaí 65.475 MWh de leictreachas i gcomparáid le 68.161 MWh in 2014. Déantar monatóireacht leanúnach ar úsáid fuinnimh. Leanann OCO ag feidhmiú córas cuimsitheach athchúrsála inmheánach.

² Faoi Alt 21(1) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 (arna leaú) "the Minister for Children and Youth Affairs may, with the consent of the Minister for Finance, appoint such and so many persons to be members of staff of the Ombudsman for Children as the Minister may determine".



I think it's important for children to understand that everyone is equal because nobody should invalidate and undermine anyone solely because of how they differ from you.



I think Care is important because if you don't get care you could become sick and then you could die.
 It's important that you trust your family because if something happens you can go tell them.
 It's important also that your family care for you because you then know that you are loved and that there is someone there for you.
 everyone needs a "

#childrenrights

FAMILY



Health care is important because to survive you need good health, to get around you need good health, to go to school you need good health, to get friends you need good health, for life you need good health. Children need health care to live live at its fullest.



#HealthCare



The Right to be treated equally and fairly




It is important to know that everyone has the right to be treated equally and fairly. It is also important for people to know that they have the responsibility to treat those around them equally and fairly. It is also important to note that treating people equally and fairly does not mean ignoring their religion/culture/language and treating them "the same", it means accepting and embracing the fact that that is their culture and treating them how they wish to be treated.

#EQUALITY



Ombudsman for Children's Office
Millennium House
52–56 Great Strand Street
Dublin 1
DO1 F5P8

www.oco.ie
Freephone: 1800 20 20 40
Twitter: @OCO_ireland



Oifig an Ombudsman do Leanáí
Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1
DO1 F5P8



www.oco.ie
Saorghlao: 1800 20 20 40
Twitter: @OCO_ireland